



An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí
Public Appointments Service

Tuarascáil Bhliantúil 2015

“



*dearcadh cothroime
agus neamhchlaontachta
a chothabháil*

”

Clár na nÁbhar

Ráiteas an Chathaoirligh	2
Ráiteas an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin	3
01 Faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí	4
02 Spriocanna Straitéiseacha agus Éachtaí	6
Na hiarrthóirí is fearr a sholáthar dár gcliaint do cheapachán	9
Sár-réitigh earcaíochta agus seirbhísí comhroinnte a sholáthar	20
An teagmháil agus an comhoibriú le cliaint a mhéadú nuair atá seirbhís den scoth á soláthar dár gcliaint	23
Roghanna leictreonacha a úsáid nuair is féidir	24
Eolas agus saineolas a léiriú agus a fhógairt	26
Cumasóirí	28
03 Rialáil agus Bainistíocht	31
Aguisíní	38

Ráiteas an Chathaoirligh

Tá áthas orm ar mo shon féin agus ar son mo Bhaill Boird, Tuarascáil Bhliantúil na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí (PAS) don bhliain 2015 a chur i láthair.

Tá sé soiléir ón tuarascáil seo gur líon PAS a lán post éagsúla agus casta go rathúil do chliant sa tseirbhís phoiblí sa bhliain 2015, agus gur chuir siad clár dúshlánach ina raibh feachtais ina raibh líon mór iarratas chun cinn. Bhí aidhm ann fás inbhuanaithe gnó a bhaint amach agus rinneadh sin sa bhliain 2015, agus tháinig méadú 36% ar líon na bhfeachtas a reáchtáladh agus mhéadaigh líon na gceapachán 59% i gcomparáid leis an bhliain roimh ré. D'éirigh le PAS i ngach feachtas earcaíochta, an stíl ar leith earcaíochta don tseirbhís phoiblí a choinneáil agus a dhéanamh go gairmiúil agus ar ardchaighdeán, a bhí cothrom agus neamhchlaonta, ina ndearnadh iarracht i gcónaí sár-sheirbhís a sholáthar do chustaiméirí ag shlí nuálach a chinntíonn luach ar airgead.

Tá sé mar phríomh-thosaíocht straitéiseach ag PAS na hiarrthóirí is fearr a sholáthar do chliant do cheapachán. Lean PAS ag obair le Coiste na gCeapachán Ardleibhéal chun cabhair a thabhairt maidir lena chuid feidhmeanna a chomhlíonadh i dtaca lena fheidhmeanna earcaíochta ag an leibhéal is sinsearaí sa Státseirbhís. Rinne PAS gach iarracht na hiarrthóirí is fearr a mhealladh agus a roghnú do phoist dá leithéid agus léiríonn aiseolas ó chliant gur éirigh le PAS sa réimse seo.

D'éirigh le PAS iarrthóirí ar ardchaighdeán a mhealladh do phoist eile ag leibhéal éagsúla, poist do chéimithe san áireamh. Bhí áthas ar leith orm nuair a fuair PAS an Gradam Gradireland don Suíomh Gréasáin is Fearr d'Earcaíocht Chéimithe chomh maith leis an fhorbairt sa bhreis de gradpublicjobs.ie mar thairseach aon stad do chéimithe chun eolas a fháil faoi dheiseanna i Státseirbhís na hÉireann agus san AE.

Sa bhliain 2015, dhírigh PAS go háirithe ar mheasúnú sa phróiseas earcaíochta, tugadh isteach réimse de mheasúnú ar líne ag an chéad staid d'fheachtais ina raibh líon mór iarratas agus mhéadaigh líon na n-ionad measúnaithe do na feachtais seo; d'éirigh that barr leis na modhanna seo chun cabhrú leis an duine is fearr a roghnú don ról. D'éirigh leis an obair a rinne PAS iarrthóirí den scoth a mhealladh agus a roghnú, agus léirigh 97% de chliant go raibh siad sásta le caighdeán na n-iarrthóirí a tugadh dóibh.

Bhí bliain an-ghnóthach ag PAS maidir le hearcaíocht d'údaráis áitiúla sa bhliain 2015. Líonadh gach folúntas do phoist mar Phríomhfheidhmeannach le húdaráis áitiúla, agus reáchtáil PAS roinnt feachtas ina raibh líon mór iarratas ar fud na tíre inar úsáideadh tástálacha ar líne d'iarrthóirí ar Údaráis Áitiúla.

Tá mé an-sásta leis an obair rathúil a chomhlíon PAS sa ról sa bhreis maidir le ceapacháin chuig Boird Stáit agus creidim gur chuir PAS go mór leis an réimse seo.

Le linn 2015 lorg PAS aiseolas ó ghrúpaí custaiméirí agus rinne siad beart dá réir chun feabhas a chur ar chaighdeán agus éifeachtúlacht na seirbhísí a sholáthraítear, agus is léir go ndíríonn PAS ar an chustaiméir i ngach gné den obair a bhfuil siad páirteach ann.

Tá na baill foirne i PAS tiomanta, solúbtha agus meáite ar an obair agus dírithe ar an tseirbhís is fearr a chur ar fáil do chustaiméirí, in ainneoin méadú mór san obair agus méadú teoranta acmhainní.

Ba mhaith liom ar son an Bhoird, sár-obair an Phríomhfheidhmeannaigh, Iníon Fiona Tierney a aithint agus foireann na hoifige ar fad maidir le seirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar do chustaiméirí uile na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí.

Iníon Judith Eve
Cathaoirleach

Ráiteas an Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin

I dTuarascáil Bhliantúil 2014, thug muid faoi deara conas a d'athraigh an comhrá i dtaca le hearcaíocht agus acmhainní le linn na bliana agus conas a d'athraigh an bhéim ó bhainistiú le hacmhainní níos lú chuig déileáil le bearna i scileanna agus riachtanais nua maidir le hacmhainní a bhí ag teacht chun cinn, ar shlí thomhaiste agus éifeachtúil. Le linn 2015, lean an nós seo agus bhí sé níos déine fiú amháin. Mar ghné thábhachtach den dóigh a bpléann an tseirbhís phoiblí agus an státseirbhís le dúshláin maidir le hacmhainní, bhí baint mhór ag an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí arís i mbliana ag tabhairt tacaíochta do chliant sa Státseirbhís agus sa tSeirbhís Phoiblí chun na daoine cumasacha cuí a sholáthar dóibh.

Le linn 2015, úsáideadh an Ráiteas Straitéise do 2014 - 2016 mar threoir in ár n-obair agus chabhraigh siad lena chinntiú gur sholáthair an eagraíocht seirbhísí éifeachtacha agus ag an am céanna d'úsáid muid ár gcumas inmheánach féin chun ár seirbhísí a sholáthar go héifeachtúil agus go héifeachtach ó thaobh costas de. Tá mé sásta go bhfuil ag éirí lenár Straitéis agus muid ag dul ar aghaidh lena chur i bhfeidhm agus go bhfeidhmíonn sé i gcomhar le straitéisí uileghabhálacha eile ar nós Plean Athnuachana na Státseirbhíse, a foilsíodh i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Tá sonraí sa Tuarascáil Bhliantúil 2015 faoi nár n-oibríochtaí agus ár bhfeidhmíocht i ngach gné dár ngnó. Léiríonn rannóga éagsúla sa Tuarascáil, atá bunaithe ar na haidhmeanna atá leagtha amach in ár Ráiteas Straitéise, raon agus castacht na hoibre a dhéanann PAS ar son eagraíochtaí cliant. Seo thíos roinnt de na príomh-eachtraí i 2015:

- Comhdhlúthú den phróiseas oscailte d'fhógraíocht agus measúnú ar iarratais do phoist ar Bhoird Stáit - fógraíodh 304 folúntas i dtaca le 70 Bord Stáit agus rinneadh measúnú ar 4,600 iarratas roimh dheireadh na bliana,
- Ceapadh 109 Comhairleach Ospidéal agus bhí laghdú 48% san am a tógadh na poist seo a líonadh,
- Comhlíonadh comórtais phoiblí do phoist bhainistíochta éagsúla sa Státseirbhís, ag leibhéal ardbhainistíochta an Phríomhoifigigh san áireamh agus comhlíonadh 32 comórtas ar son Choiste na gCeapachán Ardeibhéal (TLAC) do phoist chomh hard le leibhéal an Ard-Rúnaí,
- Comhlíonadh na chéad chomórtais náisiúnta riamh do na poist seo in Údaráis Áitiúla, Stiúirthóir Seirbhísí, Ardoifigeach Feidhmiúcháin agus Pleanálaithe Sinsearacha,
- Dúirt 97% d'eagraíochtaí na gcliant go raibh siad sásta le caighdeán na mball foirne a tugadh dóibh,
- Rinneadh tástáil ar 28,000 iarrthóir tríd ár gcóras ar líne i dtaca le deich bhfeachtas, agus
- Bhuaigh ár suíomh gréasáin earcaíochta ar leith do chéimithe, Gradpublicjobs.ie, Gradam Gradireland don Suíomh Gréasáin is Fearr do Chéimithe 2015.

Cé go bhfuil PAS ag leanúint ar aghaidh, de réir an Ráitis Straitéise, le roghanna leictreonacha chun a phríomh-ghnó a sholáthar, is cinnte go bhfuil an eagraíocht ag brath go mór ar thiomantas na mball foirne. Le linn 2015, d'oibrigh baill foirne agus bainistíocht na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí go dian dícheallach gach lá agus molaim iad arís as a ndíograis i gcinntiú go pléitear le gach iarrthóir a dhéanann iarratas ar post tríd PAS go cothrom agus go gairmiúil. Cothaíodh meon dearfach anseo sa tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí agus tugadh aitheantas dó nuair a choinnigh muid ár gcreidiúnú faoin scéim dhámhachtainí Feabhas trí Dhaoine.

Táim an-bhuíoch as an obair a rinne baill Bhord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí agus Coiste Iniúchta na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí mar thacaíocht dom i mo ról mar Phríomhfheidhmeannach agus mar Oifigeach Cuntasaíochta. Sa tslí chéanna, aithním ar son bhaill foirne na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí an tacaíocht agus an idirbheartaíocht dhearfach a léirigh comhghleacaithe ón státseirbhís agus ón tseirbhís phoiblí agus muid ag obair le chéile ar son leas an phobail le linn na bliana 2015.

Fiona Tierney
Phríomhfheidhmeannach

01



Faoin tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

Tús

Is í an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí an soláthraí seirbhíse earcaíochta chomhroinnte d’eagraíochtaí cliaint sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.¹ Tá PAS freagrach as iarrthóirí ar ardchaighdeán a lorg, a mheas agus a sholáthar trí earcaíocht agus ath-implonú.

Tá PAS freagrach fosta as comórtais inmheánacha áirithe d’ardú céime sa státseirbhís a réachtáil. Díríonn PAS go háirithe ar iarrthóirí a lorg do phoist sa Státseirbhís, do na poist is sinsearaí in Údarás Áitiúla, do phoist cheannaireachta agus do Chomhairligh Ospidéal d’FnaSS, do gharda faoi oiliúint don Garda Síochána agus do phoist éagsúla cheannaireachta agus speisialtachta sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí.

Sa bhliain 2015 phróiseáil PAS os cionn 64,000 iarratas, réachtáil siad 8,869 agallamh agus rinne siad 5,256 ceapachán i róil chasta éagsúla d’eagraíochtaí cliaint de chineálacha éagsúla.

Déantar earcaíocht don státseirbhís agus do roinnt foras poiblí eile faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 go dtí 2013. Faoin reachtaíocht seo, bunaíodh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí mar eagraíocht lárnach earcaíochta don tseirbhís phoiblí i gcoitinne, a tháinig i bhfeidhm in ionad Oifig Choimisiún na Státseirbhíse agus an Choimisiún um Cheapacháin Áitiúla. Oibríonn PAS faoi cheadúnas ón Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CCSP) agus tá sí neamhspleách ina gcuid oibre. Ní mór do PAS cloí leis na Cóid Chleachtais a d’fhoilsigh an CCSP a chinntíonn go bhfuil próisis atá cothrom agus oscailte i bhfeidhm do gach iarratasóir. Sa chás nach bhfuil na Cóid sin i bhfeidhm, cloíonn PAS leis na príomh-phrionsabail chéanna chun a feidhmeanna a chomhlíonadh.

Misean agus Caighdeáin

A bheith mar chéad rogha mar sholáthraí earcaíochta agus foinsithe do sheirbhísí comhroinnte sa tseirbhís phoiblí.

Tá muid tiomanta do na caighdeáin seo:	
Cothroime agus Neamhchlaontacht	réitigh acmhainní a sholáthar a aithníonn go bhfuil an deis chéanna ag daoine atá cáilithe, dul san iomaíocht do phoist ina bhfuil na próisis cothrom, trédhearcach agus gan aon chlaontacht nó leithcheal;
Neamhspleáchas	seirbhís earcaíochta atá bunaithe ar chumas, dírithe ar chaighdeán, oibiachtúil, agus gan tionchar;
Luach ar Airgead	a chinntiú go bhfuil ár bpróisis agus ár gcórais éifeachtach agus éifeachtúil, agus go dtugtar seirbhís ina bhfuil luach ar airgead dár gcliaint agus don phobal;
Nuálaíocht agus Feabhsú Leanúnach	na slite ina gcuirimid seirbhís ar fáil a scrúdú agus slite nuálaíochta a lorg maidir le gairmiúlacht ár seirbhísí a sholáthar agus a fheabhsú go leanúnach;
Comhoibriú agus Comhairliú	an fiúntas a bhaineann le rannpháirtíocht bhríoch, comhairliú agus comhoibriú le páirtithe leasmhara a aithint, deiseanna a úsáid chun slite comhoibríochta a chur chun cinn agus a fheabhsú;
Sár-Sheirbhís do Chustaiméirí	Déileáil le n-ár gcliaint, iarrthóirí agus comhghleacaithe le dínit agus meas agus seirbhís ghairmiúil a sholáthar a dhíríonn ar chaighdeán agus luach ar airgead a fheabhsú.

¹ Is é ‘iarrthóir’ an téarma a úsáideann PAS (An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí) do dhaoine a dhéanann iarratas ar phoist.

02



Spriocanna Straitéiseacha agus Éachtaí na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí

Spriocanna Straitéiseacha

Léirítear spriocanna straitéiseacha na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí thíos. Tá siad foilsithe sa Ráiteas Straitéise reatha 2014 - 2016.



Príomhéachtaí Oibríochtaí 2015

Baineadh na príomh-éachtaí seo amach sa bhliain 2015:

- Comhdhlúthú agus forbairt de phróiseas na mBord Stáit (próiseáladh 4,699 léiriú spéise maidir le 304 folúntas ar 70 Bord Stáit).
- Soláthraíodh an t-éileamh do Gharda faoi Oiliúint agus cuireadh 885 ainm chun tosaigh chuig Ceanncheathrú an Gharda Síochána sa bhliain 2015.
- Ceapadh 109 Comhairleach Ospidéal agus laghdaíodh an t-am a tógadh chun na poist seo a líonadh 48%.
- Bunaíodh painéil do phoist éagsúla bainistíochta sa Státseirbhís, lena n-áirítear Oifigeach Feidhmiúcháin, Oifigeach Riaracháin, Leas-Phríomhoifigeach agus Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin.
- Comhlíonadh 32 comórtas don Choiste um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC)
- Cuireadh painéil i bhfeidhm ar fud na tíre d'Údaráis Áitiúla, do Stiúrthóir Seirbhíse, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin agus do Phleanálaí Sinsearach.
- Bhí sástacht 97% le caighdeán na mball foirne a shann PAS d'eagraíochtaí cliaint.
- Rinneadh tástáil ar 28,000 iarrthóir tríd an chóras ar líne do 10 bhfeachtas.
- Bhain ár suíomh gréasáin earcaíochta ar leith do chéimithe, Gradpublicjobs.ie, an Gradam GradIreland don Suíomh Gréasáin Earcaíochta is Fearr do Chéimithe.
- Choinnigh PAS an creidiúnú faoin scéim dhámhachtainí “Sár-Fheabhas trí Dhaoine”

Tharla dhá athrú ar leith sa bhliain 2015:

- Mar thacaíocht leanúnach do chomhlachtaí poiblí agus iad ag filleadh ar earcaíocht tar éis an mhoratóra sna blianta roimh ré, rinne PAS bainistíocht ar fheachtais ina raibh líon mór iarratas, cuid díobh siúd nach ndearnadh ó thús an mhoratóra.
- Bhí baint mhór ag PAS fosta leis an phróiseas athchóirithe chun poist ar Bhoird Stáit a líonadh, a chuidigh le líon na ndaoine a d'fhéadfaí a cheapadh i róil mar Chathaoirleach agus i róil Neamh-Fheidhmiúcháin ar Bhoird Stáit le linn 2015.

Na hiarrthóirí is fearr a sholáthar dár gcliaint do cheapachán

Tá sé mar phríomh-thosaíocht straitéiseach ag PAS na hiarrthóirí is fearr a sholáthar do chliaint do cheapachán, agus é sin a dhéanamh in am agus go héifeachtach ó thaobh costas de. Sa mhéid sin, d'fhorbair PAS a modhanna margaíochta lena chinntiú go bhfuil na hiarrthóirí is fearr ar an eolas, agus ag déanamh iarratais ar phoist sa státseirbhís. Lean PAS ag forbairt na modhanna measúnaithe agus roghnaithe lena chinntiú go dtagann na hiarrthóirí is fearr as an phróiseas measúnaithe agus roghnaithe.

I measc na modhanna measúnaithe baineadh úsáid as measúnú ar líne ag staid tosaigh ár bhfeachtais mhóra, lena n-áirítear réasúnaíocht bhriathartha, uimhriúil agus ionductach a thomhas, agus cleachtaidh faoi bhreithiúnas de réir suímh. Chomh maith leis an dul chun cinn a rinneadh maidir le tástáil ar líne a chuireann ar chumas PAS líon mór iarratas a bhainistiú, chuir muid feabhas ar na modhanna a úsáidtear nuair a thagann daoine chun cinn sna staideanna níos moille den fheachtas (lena n-áirítear ár modhanna agallaimh atá bunaithe ar inniúlacht a fhorbairt agus ionaid mheasúnaithe) a úsáid a thuilleadh mar a luaitear thíos.

Úsáideann PAS réimse uirlisí chun iarrthóirí a mheas lena chinntiú go bhfuil siad siúd a mholtar do cheapacháin fóirsteanach agus ábalta na ról a thairgtear a chomhlíonadh agus is cuid lárnach de sin an t-agallamh atá bunaithe ar inniúlacht. Chun go mbeidh agallaimh atá bunaithe ar inniúlacht éifeachtach, oileann PAS na hagallóirí chun fianaise a fháil i dtaca le gach inniúlacht a bhaineann leis an ról ar leith. Chomh maith leis an oiliúint tá treoir chuimsitheach scríofa maidir le hagallamh a léiríonn slí PAS agus tugann sé moltaí fiosraithe do bhaill de bhoird agallaimh. Ón taithí a fuarthas maidir le córais mheasúnaithe atá bunaithe ar inniúlacht a bhainistiú, rinne PAS roinnt athruithe agus leasuithe le déanaí faoin tslí a n-úsáidtear agallaimh atá bunaithe ar inniúlacht.

Léiríonn taighde suntasach ar shíceolaíocht na hoibre go bhfuil deis níos fearr ann oibrithe níos fearr a fháil do ról nuair a úsáidtear ionaid mheasúnaithe; Baineadh úsáid as Ionaid Mheasúnaithe sa bhliain 2015 do roinnt feachtas (Garda faoi Oiliúint, Oifigeach Feidhmiúcháin, Oifigeach Riaracháin, Leas-Phríomhoifigeach agus Príomhoifigeach san áireamh).

Earcaíocht Ardfheidhmeannach

De réir bheartas an Rialtais le roinnt blianta, díritear níos mó ar earcaíocht oscailte do gach post sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí, poist ag na leibhéil is sinsearaí san áireamh. Le linn 2015, d'éirigh le PAS iarrthóirí ar ardchaighdeán a mhealladh chuig ról ardfheidhmiúcháin.

Líonann an Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil (TLAC), bord agallaimh buan a cheapann an Rialtas, ina bhfuil Cathaoirleach neamhspleách, sé ainmní ón earnáil phríobháideach agus sé Ard-Rúnaí ón státseirbhís, cuid mhór de na poist shinsearacha sa Státseirbhís. Tugann PAS tacaíocht fosta don Choiste um Cheapacháin Arleibhéil maidir le hearcaíocht oscailte do phoist ag leibhéal an Ard-Rúnaí agus an Ard-Rúnaí Cúnta.

I 2015 chomhlíon TLAC 32 feachtas earcaíochta do státseirbhísigh shinsearacha. Ról speisialtachta ab ea ceithre cinn de na comórtais seo agus chomhlíon PAS próiseas an agallaimh dheiridh le hionadaíocht ó TLAC. Rinneadh 30 cheapachán ó na feachtais seo (ní raibh TLAC in ann moladh a dhéanamh i gcás dhá fheachtas). Bhí trí cinn díobh siúd ag leibhéal an Ard-Rúnaí, ceithre cinn ag leibhéal an Leas-Rúnaí agus an 23 post deiridh ag leibhéal An Ard-Rúnaí Cúnta nó a choibhéis.

D'úsáid TLAC seirbhísí cuardaigh seachtracha d'fheidhmeannaigh in éineacht le feachtas earcaíochta PAS maidir le dhá phost speisialtachta. Chomh maith le cuardach coinnithe do na poist seo, thug an fheidhm cuardaigh inmheánach d'fheidhmeannaigh laistigh de PAS cuidiú i gcuid mhaith de na feachtais. Tá sé mar aidhm ag an phróiseas cuardaigh a chinntiú go bhfuil an líon is mó iarratasóirí fóirsteanacha ar fáil do na poist Státseirbhíse is sinsearaí.


Baineadh úsáid as dian-mheasúnú mar ionchur i bpróiseas TLAC mar thriail i 2015 agus socraíodh é a chur sa phróiseas do gach post ag leibhéal an Ard- Rúnaí.

Rinneadh athbhreithniú de na feachtais d'ardfheidhmeannaigh in 2015 agus tugadh na nithe seo faoi deara:


- Ar an iomlán bhí laghdú sa mheán-uimhir i líon na n-iarratas do phoist TLAC sa bhliain 2015. Cé go raibh difríocht mhór i líon na n-iarratas ó phost go post, mheall gach post TLAC a fógraíodh i 2015, 25 iarratas ar an mheán i gcomparáid le meán uimhir de 29 i 2014. Ar an iomlán bhí 789 iarratas do 32 post in 2015.
- Ar an iomlán bhí laghdú sa mheán-uimhir i líon na n-iarratas do phoist TLAC sa bhliain 2015. Cé go raibh difríocht mhór i líon na n-iarratas ó phost go post, mheall gach post TLAC a fógraíodh i 2015, 25 iarratas ar an mheán i gcomparáid le meán uimhir de 29 i 2014. Ar an iomlán bhí 789 iarratas do 32 post in 2015.
- Mhéadaigh líon na Státseirbhíseach a rinne iarratas ar phoist TLAC in 2015 agus mhéadaigh líon na n-iarrthóirí a tháinig ón Státseirbhís go mór go dtí 53%, i gcomparáid le 31% in 2014.
- Ar an taobh eile den scéal, laghdaigh líon na n-iarrthóirí ón earnáil phríobháideach go mór ó 45% go dtí 22%.

Thit líon na gceapachán ó taobh amuigh den Státseirbhís ó bhlianta roimhe agus níor ceapadh ach 20% d'iarrthóirí nach Státseirbhísigh iad i gcomparáid le 23% de cheapacháin in 2014 agus 24% de cheapacháin in 2013.


TLAC % D'iarratais a Fuarthas de réir Earnála



% D'iarrthóirí Ar Éirigh leo a Moladh don Aire/Rialtas – de réir Earnála



% d'iarrthóirí TLAC ar Éirigh leo – de réir Gnéis



Déanann PAS próisis earcaíochta do phoist speisialaithe mar fheidhmeannaigh shinsearacha sa státseirbhís agus sa tseirbhís phoiblí i gcoitinne. Go ginearálta feachtais fhada ina bhfuil trí staid sa phróiseas measúnaithe atá i gceist, (gearrliostú, réamh-agallaimh agus príomh-agallaimh san áireamh), lena chinntiú go bhfuil na scileanna agus an taithí chuí atá riachtanach don phost ag an iarrthóir a cheaptar. I measc na bhfeachtas sa chatagóir seo i 2015 bhí Leas-Chathaoirleach den Chúirt Oibreachais agus Ombudsman Ainmnithe na Seirbhísí Airgeadais agus Pinsean.

D'éirigh le PAS a sprioc a bhaint amach i 2015, sin 95% de na folúntais a fógraíodh a líonadh. Mar sin féin áfach, tá ról a bhfuil deacracht ag PAS iarrthóirí a fháil dóibh. Sa bhliain 2015, rinne muid bainistíocht ar phríoséas earcaíochta do roinnt post speisialtachta, go háirithe le hAD, TE agus Airgeadas ag leibhéal sinsearach i Ranna agus in Oifigí Rialtais agus sa Státseirbhís i gcoitinne. Léiríonn aiseolas ón fheidhm cuardaigh d'fheidhmeannaigh go raibh an-suim ag iarrthóirí sna poist seo, go háirithe nuair atá an deis ann tionchar a bheith acu ag leibhéal sinsearach in eagraíochtaí móra, ar nós Ranna Rialtais. Is é an dúshlán atá ann áfach, ná go bhfuil an luach saothair (tuarastal agus leas) a thuilleann na hiarrthóirí faoi láthair 30% ar a laghad níos mó ná mar atá ar fáil sa Státseirbhís. In ainneoin chúrsaí pá, ba léir d'iarrthóirí i gcoitinne gur sár-dheiseanna dóibh na poist seo, agus sular rinneadh teagmháil leo maidir le hiarratas a dhéanamh, ní raibh siad ar an eolas go raibh an Státseirbhís ag earcú ó taobh amuigh den earnáil phoiblí.

Tá tábhacht sa bhreis ag baint le híocaíocht in earcaíocht sa tseirbhís phoiblí mar go n-úsáideann eagraíochtaí san earnáil phoiblí íocaíocht mar chuid dá bplean chun tallann a fhorbairt, a mhealladh agus a choinneáil. Dá bharr sin, tá sé níos deacra iarrthóirí cumasacha a mhealladh ón earnáil phríobháideach chuig an tseirbhís phoiblí.

Earcaíochta Chéimithe

Cuireadh tús lenár suíomh gréasáin ar leith do chéimithe, Gradpublicjobs.ie, sa bhliain 2014, agus is é an príomh-shlí do dheiseanna do chéimithe i seirbhís phoiblí na hÉireann. Bronnadh an gradam 'Best Graduate Recruitment Website' air ag Gradireland Awards in 2015. Sa bhliain 2015, forbraíodh gradpublicjobs.ie a thuilleadh mar thairseach shingil amháin do chéimithe chun eolas a fháil faoi dheiseanna i Seirbhís Phoiblí na hÉireann agus in eagraíochtaí éagsúla idirnáisiúnta, ar nós an Aontais Eorpaigh, na Náisiúin Aontaithe agus an OECD. Tá PAS ag obair le comhlachtaí eile sa Státseirbhís lena chinntiú go méadóidh an suíomh seo ionadaíocht chéimithe agus fhostóirí Éireannacha in institiúidí an AE agus go hidirnáisiúnta, chomh maith le daoine a chur ar an eolas faoin réimse deiseanna maithe gairme atá ar fáil do chéimithe Éireannacha a bhfuil na cáilíochtaí agus an cumas cuí acu.



I margadh fíor-iomaíoch do chéimithe, reáchtáil PAS roinnt feachtas rathúil earcaíochta in 2015, a chuir chun cinn na dea-théarmaí agus coinníollacha atá ar fáil do chéimithe sa tseirbhís phoiblí agus an Clár Forbartha do Chéimithe a tugadh isteach le déanaí. Pléitear an clár margáíocht agus cumarsáide níos mó ar leathanach 18. Dá bharr sin, cuireadh painéil le chéile i 2015 do phoist mar Oifigeach Feidhmiúcháin agus mar Oifigeach Riaracháin sa Státseirbhís nó mar Threas Rúnaí sa Roinn Gnóthaí Eachtracha.

Oifigeach Feidhmiúcháin (OF)

I mí na Nollag 2014 fógraíodh dhá chomórtas ag an am amháin do phoist mar Oifigeach Feidhmiúcháin; comórtas idir-rannach do státseirbhísigh reatha a raibh taithí dhá bhliain ar a laghad acu; agus comórtas poiblí do dhaoine a raibh cáilíochtaí áirithe oideachais acu. Rinne roinnt mhaith iarrthóirí iarratas ar an dá shraith. Baineadh sraith eile as an chomórtas dó dhaoine a bhí in ann líofacht sa Ghaeilge a léiriú. Tá sé roinnt blianta ó bhí comórtais dá leithéid ann, agus ó cuireadh deireadh leis an mhoratóir, tá éileamh mór ar cheapacháin chun folúntais a líonadh i gcomhlachtaí seirbhíse poiblí. Chun déileáil leis an éileamh seo, tá grúpaí eile iarrthóirí á bpróiseáil ag PAS go dtí na staideanna roghnaithe deiridh. Rinneadh 10 gceapachán roimh dheireadh 2015.

Céimí Eacnamaíochta le Seirbhís Eacnamaíoch agus Measúnaithe Rialtas na hÉireann (IGEES)


Nuair a rinneadh athbhreithniú ar fheachtas rathúil na bliana 2015 d'Oifigeach Riaracháin (OR), i IGEES, ghearr PAS an feachtas seo amach ó na príomh-fheachtais mar OR, agus d'fhógair siad iad mar phost mar Chéimí Eacnamaíochta, rud a chinntigh go raibh gach ollscoil agus coláiste ábhartha ar an eolas faoin fheachtas. Fuarthas 136 iarratas agus léiríonn an t-aiseolas a fuarthas ón chliant go raibh siad sásta le caighdeán na n-iarrthóirí.

Oifigeach Riaracháin (OR)

Reáchtáil PAS feachtas rathúil in 2014 agus as sin sainaitníodh iarrthóirí ar ardchaighdeán do cheapachán. Chabhraigh céimithe a bhí ag obair cheana sa Státseirbhís le PAS na poist mhaith seo a chur chun cinn d'iarrthóirí a d'fhéadfadh suim a bheith acu iontu trí fhreastal ar aontaí gairme áirithe agus trí phróifílí dhaoine a ceapadh le déanaí a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin gradpublicjobs.ie. Glaodh beagnach 300 iarrthóir chuig staid an ionaid mheasúnaithe den phróiseas; cuireadh 187 ar an phainéal d'iarrthóirí ar éirigh leo, agus rinneadh 41 ceapachán i 2015.

Feachtais Eile ina Raibh Líon Mór Iarratas

Reáchtáil PAS réimse tástálacha roghnaithe agus agallaimh do Gharda faoi Oiliúint agus d'Oifigeach Cléireachais, chomh maith leis an fheachtas bliantúil d'Oifigeach Cléireachais Sealadach. Sna feachtais do OC agus POC (mar a bhí i gcás OF) bhí an t-éileamh ó eagraíochtaí cliant i bhfad níos airde ná an líon folúntas a bhíodas ag súil leis. Dá bharr sin, bhí ar PAS trialacha agus agallaimh a dhéanamh le grúpaí iarrthóirí sa bhreis nuair ba léir go raibh an t-éileamh i bhfad níos mó ná mar a dúradh le PAS roimh na comórtais. Tá an próiseas roghnaithe do na comórtais ina raibh líon mór iarratas leagtha amach sa chairt thíos.



Oifigeach Cléireachais Sealadach

Chuir 14,143 iarrthóir isteach ar an chomórtas d'Oifigeach Cléireachais Sealadach agus chomhlíon 10,568 an ceistneoir ar líne. Líonadh folúntais i gcuid mhaith eagraíochtaí cliant ón phainéal seo agus líonadh 1,824 post sa bhliain 2015.

Oifigeach Cléireachais

Fógraíodh comórtas d'Oifigeach Cléireachais i mí Mheithimh 2014 agus rinneadh ceapacháin ar bhonn leanúnach le linn na bliana 2015 agus ceapadh timpeall 1,297 duine i 2015. Tá éileamh ann i gcónaí d'oifigigh cléireachais ach níl an spéis chéanna ag iarrthóirí ann agus a bhí. Táthar ag súil go bhfógrófar comórtas nua mí Bhealtaine 2016.

Príomhoifigeach Cúnta

I mí Bhealtaine 2015, fógraíodh comórtas phoiblí agus idir-rannacha do Phríomh-Oifigeach Cúnta. Mar a tharla le OF, rinne an chuid is mó d'iarrthóirí iarratas ar an dá shraith. Ba státseirbhísigh an chuid is mó de na hiarrthóirí. Cuireadh 94 iarrthóir ar an phainéal ón chéad ghrúpa a tógadh chuig deireadh an phróisis roghnaithe. Go dtí deireadh na bliana 2015, ceapadh 13 iarrthóir, bhí an chuid eile de na hiarrthóirí ag fanacht ar imréiteach slándála speisialta nó bhí siad ag fanacht ar phoist taobh amuigh de Bhaile Átha Cliath.

Chomh maith leis na comórtas phoiblí agus idir-rannacha, bhí an rogha ag iarrthóirí go gcuirfí iad faoi mheas do cheapachán mar Threas Rúnaí sa Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Faoi dheireadh na bliana 2015 sannadh ochtar chuig an Roinn sin.

Príomhoifigeach

Rinne díreach os cionn 1,450 iarrthóir iarratas ar an chomórtas mar Phríomhoifigeach agus tugadh cuireadh dóibh ar fad measúnú tosaigh ar líne a dhéanamh i mí Mhárta. Rinneadh cleachtadh suntasach dearbhú cáilíochta ar an chomórtas seo agus lorgaíodh aiseolas ó na hiarrthóirí faoi gach gné den phróiseas. Shíl os cionn 80% díobh siúd a thug aiseolas faoi na cleachtaidh go raibh siad ábhartha nó an-ábhartha don ról mar Phríomhoifigeach.

Tugadh cuireadh don 334 iarrthóir is fearr freastal ar staid an Ionaid Mheasúnaithe den phróiseas a tharla i mí Mheithimh. Bhí na nithe seo san áireamh:

- Ath-thriail faoi mhaoirseacht ar an Chleachtadh Anailíse agus Postaitrise
- Cleachtadh Straitéise, inar tugadh eolas d'iarrthóirí agus bhí orthu tuairisc a scríobh agus cur i láthair a dhéanamh mar achoimre dá n-anailís ar an cheist, agus
- Agallamh le hagallóirí a bhfuil taithí acu ón earnáil phoiblí agus phríobháideach

Bhain 164 iarrthóirí cáilíocht amach san ionad measúnaithe. Léirigh aiseolas ón 230 iarrthóir a chomhlíon an suirbhé don chomórtas seo go raibh sé deacair ach cóir agus gur réachtáladh an próiseas roghnaithe go maith. Maidir leis an chleachtadh a bheith cóir, cheap 90% go raibh sé ceart go leor, maith nó an-mhaith. Cheap 85% go raibh na ceistanna a cuireadh le linn an agallaimh agus sa chleachtadh straitéiseach maith nó an-mhaith agus cheap beagnach 75% díobh siúd a thug freagra go raibh an leibhéal deacrachta sa chleachtadh maith nó an-mhaith.

Comórtais Mhóra Eile

Garda Faoi Oiliúint

Chaith PAS roinnt mhaith ama chomh maith le saineolas agus acmhainní chun déileáil le riachtanais na gcliánt do Gharda faoi Oiliúint 2015. Cuireadh ainmneacha na ndaoine ar éirigh leo i gcomórtas 2014 ar aghaidh chuig an Garda Síochána go dtí deireadh na bliana 2015. Ón dáta sin bhí roinnt bheag acu faoi mheas go fóill. Roimhe sin bhí próiseas cuimsitheach measúnaithe ceithre staid lena n-áirítear trialacha síciméadracha ar líne, ionad measúnaithe agus agallamh.

Bhí an Garda Síochána an-sásta le caighdeán na n-iarrthóirí agus le caighdeán an próisis a húsáideadh. Fógraíodh comórtas nua i mí na Samhna 2015.

Earcaíocht le hÚdaráis Áitiúla

Chomh maith le poist mar Phríomhfheidhmeannach a líonadh, réachtáil PAS roinnt comórtas mór ar fud na tíre d'údaráis áitiúla. Cuireadh tús le poist mar Stiúrthóir Seirbhísí a líonadh i mí Iúil 2015 agus líonadh 20 folúntas ón chéad fheachtas náisiúnta do phoist ag an leibhéal seo le hÚdaráis Áitiúla. Fógraíodh an chéad chomórtas náisiúnta d'Ardeifigeach Feidhmiúcháin i mí Mhárta 2015, chuir 1,200 duine isteach air agus úsáideadh trialacha ar líne d'iarrthóirí d'Údaráis Áitiúla. Líonadh 16 folúntas i 2015 ón chéad roinn de phríomh-agallaimh. I measc na gcomórtas mór eile bhí gráid innealtóireachta agus phleanála agus líonadh folúntais mar Phleanálaí Sinsearach i mí Dheireadh Fómhair agus comórtais ag dul ar aghaidh do Phleanálaí Sinsearach Feidhmiúcháin, Innealtóir Sinsearach agus Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin.

I measc na bhfolúntas eile a líonadh san earnáil i 2015 bhí poist shinsearach le TE agus airgeadas agus go háirithe, poist ag leibhéal an Cheannasaí Fiontair (an chéad uair a líonadh poist dá leithéid d'Oifigí Fiontair Áitiúla).

Earcaíocht do Phoist Ghairmiúla agus Theicniúla

Earcaíonn PAS do phoist éagsúla shinsearacha ghairmiúla sa Státseirbhís, le hÚdaráis Áitiúla agus san earnáil phoiblí i gcoitinne. D'fhógair am tAonad Earcaíochta Gairmiúil agus Teicniúil 74 comórtas le linn 2015. Moladh 328 iarrthóir ar fad do cheapacháin i bpoist ghairmiúla agus theicniúla in 2015.

Chun iarracht a dhéanamh feabhas a chur le héifeachtúlacht sa phróiseas earcaíochta agus roghnaithe, reáchtáladh comórtas áirithe chun folúntais a líonadh sa tseirbhís phoiblí, lena n-áirítear poist mar Dhlíodóir, Taighdeoir Dlí agus Cuntasóir. Chinntigh an plean seo go raibh painéil ag PAS do na ról seo, rud a d'fhág gur líonadh folúntais a tharla níos gasta. Rinneadh 46 ceapachán ar fad ó na comórtas seo do ocht n-eagraíocht cliant i 2015.

Bhí níos mó teagmhála le hearnáil an Oideachais i 2015. Sainaithníodh comórtas criticiúil amháin do Chigire do Bhlianta Luatha leis an Roinn Oideachais agus Scileanna. Reáchtáladh an comórtas seo in am an-ghairid agus comhlíonadh gach sprioc. Rinneadh 11 ceapachán sna ról nua seo.

Earcaíocht do Chomhairligh Ospidéil

Tá ról ar leith ag PAS agus FnaSS maidir le comhairligh leighis a earcú don tseirbhís sláinte phoiblí. I 2015 moladh 109 comhairleach ospidéil do cheapacháin. Tar éis próiseas suntasach comairliúcháin le FnaSS, laghdaíodh líon bhaill na mbord roghnaithe do na feachtais seo go dtí cúig bhall (ó ocht/naoi mball roimhe sin). Chuir seo go mór le héifeachtúlacht an phróisis bhíothas in ann boird roghnaithe a shocrú níos gasta. Mar gheall ar an athrú seo, agus mar gheall ar leasuithe eile i bpróisis, laghdaigh líon na laetha a tógadh chun poist mar Chomhairleach Ospidéil a líonadh oiread agus 48% (ó mheán 352 lá d'fheachtais i 2014 go dtí 182 lá d'fheachtais i 2015).

Boird Stáit

Rinne an Rialtas cinneadh i mí Mheán Fómhair 2014 an próiseas maidir le ceapacháin Aire chuig Bord Stáit a dhéanamh, agus ina dhiaidh sin bhí ról níos cuimsithí ag PAS maidir le hiarratais do cheapacháin chuig Boird Stáit a phróiseáil. D'fhoilsigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe “Treoracha do Cheapacháin chuig Boird Stáit” agus tá na treoracha seo i bhfeidhm ó mhí na Samhna 2014.

Faoi na Treoracha tá freagracht ag PAS sna cásanna seo:

- Teacht ar chomhaontú faoi shonraí maidir leis an fholúntas ar Bhord leis an Roinn i gceist (agus ionchur cuí ó Chathaoirleach reatha an Bhord Stáit i gceist)
- An folúntas a fhógairt ar www.stateboards agus eolas faoin fholúntas a chur chun cinn trí ghníomhaíochtaí ginearálta agus ar leith
- Próiseas iarratais éifeachtach ar leith a sholáthar agus a bhainistiú
- Painéal measúnaithe ó dhaoine a bhfuil taithí acu a chur le chéile agus cabhrú leo chun athbhreithniú a dhéanamh ar léiriú spéise i gcomparáid leis na critéir roghnaithe a foilsíodh
- Oibriú i gcomhar le New Era de réir na dtreoirilínite don chúig Bhord Stáit a bhfuil freagracht reachtúil ag New Era dó maidir le comhairle a thabhairt don Aire
- Liosta iarrthóirí a cheapann an painéal measúnaithe a bheith fóirsteanach do cheapachán a chur chuig an Aire do mheasúnú, agus as sin is féidir go roghnóidh an tAire daoine do cheapachán
- Bearta a dhéanamh leis an phobal a chur ar an eolas faoi na socruithe nua chun daoine a spreagadh le hiarratas a dhéanamh ar Bhoird Stáit ón ghrúpa is leithne daoine cumasacha a bhfuil taithí acu agus is féidir
- Tuairisc ráithiúil faoi ghníomhaíochtaí a fhoilsiú ar www.stateboards.ie.

Sheol an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ár dtairseach gréasáin ar leith www.stateboards.ie, ag fáiltiú i PAS i mí Feabhra 2015. Rinneadh os cionn 200 ceapachán chuig 53 Bord Stáit tríd an próiseas oscailte nua le linn 2015.



Aithníonn PAS an tacaíocht a fuarthas ó Oifigigh Idirchaidrimh de chuid na Ranna agus na mBord Stáit (SBLOs) maidir leis an phróiseas nua. Bunaíodh gréasán SBLOna agus bhuail siad le chéile faoi dhó i 2015. Bhí PAS páirteach fosta i gcomh-sheimineár leis an IPA agus an Fóram Rialála do Chathaoirligh ar Bhoird Stáit i mí Bhealtaine. Léiríonn an eachtra deiridh sin an teagmháil dhearfach agus an tsuim a léirigh Cathaoirligh reatha Bhoird Stáit sa phróiseas. D’eagraigh PAS dhá sheisiún eolais le baill foirne ranna atá freagrach as Boird Stáit; d’fhreastail roinnt mhaith daoine orthu seo agus tugadh moladh dearfach dóibh.

De réir alt a cúig de na Treoirínte maidir leis an phobal a bheith in ann teacht air agus a bheith páirteach sa phróiseas ceapacháin, rinne PAS teagmháil le réimse éagsúil daoine ón earnáil phoiblí, phriobháideach agus dheonach chun cabhrú ar phainéil mheasúnaithe. Go dtí seo, bhí daoine a bhfuil cáilíochtaí agus taithí éagsúil acu ar na painéil mheasúnaithe. Is léir arís gur cuireadh fáilte roimh an próiseas nua agus go bhfuil daoine toilteanach a bheith páirteach sa phróiseas in ainneoin go bhfuil dualgais thábhachtach ag roinnt díobh cheana.

Fuarthas aiseolas dearfach faoi éifeachtúlacht agus éifeacht phróiseas na sonraí agus an mheasúnaithe ó Ranna Rialtais. Tá sástacht ar leith le caighdeán agus tréithe na n-ainmneacha atá á gcur chun cinn ó PAS le meas do cheapachán. As na folúntais a fógraíodh i 2015, ní raibh ach trí phost a raibh ról teicniúil ar leith ag baint leo nár sainaithníodh iarrthóirí fóirsteanach dóibh le tabhairt don Aire taobh istigh den am a bhí ar fáil. Dá bharr sin is léir gur chóir do PAS i gcomhar le Ranna agus Boird Stáit tús a chur le cuardach dírithe níos luaithe sa phróiseas, agus ba chóir go mbeadh toradh níos fearr ar na ról ar leith seo.

Bhí clár leathan teagmhála poiblí i bhfeidhm ag PAS le páirtithe leasmhara éagsúla, agus san áireamh bhí cruinnithe agus cur i láthair chuig grúpaí ábhartha.

Reáchtáil PAS feachtas cumarsáide i mí Mheithimh 2015 lena n-áirítear fógraí sa phreas náisiúnta agus ar an raidió chun na socruithe nua a fhoilsiú. Chloisfeadh ar a laghad 70% de dhaoine fásta na fógraí raidió ar an raidió náisiúnta uair a amháin ar a laghad le linn an fheachtais seacht lá. Rinneadh agallaimh ina dhiaidh sin le stáisiúin raidió áitiúla ar feadh coicíse. Mar thoradh ar an fheachtas sin mhéadaigh líon na ndaoine a d’fhéach ar shuíomh gréasáin na mBord Stáit agus i líon na ndaoine a chláraigh le PAS chun

foláirimh ríomhphoist a fháil faoi fholúntais ar Bhoird Stáit. Reáchtáil PAS feachtas fógraíochta raidió go mall i 2015 le cur leis an dul chun cinn a chruthaigh an feachtas i mí Mheithimh.

I dtús na bliana ní raibh an próiseas nua cruthaithe agus d'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh ról PAS ina bhaol do cháil na heagraíochta, ach faoi dheireadh na bliana ba léir gur éirigh leis an phróiseas i gcleachtas agus chonacthas gur láimhseáil PAS na dúshláin go cumasach agus go dearfach.

Margaíocht agus Cumarsáid

I 2015 díriodh sa mhargaíocht agus sa chumarsáid ar chúrsaí a chur chun cinn, de réir an mhéadaithe i ngníomhaíocht earcaíochta agus tar éis an sár-thús a baineadh amach i 2014 nuair a chuir PAS margadh na gcéimithe os comhair na státseirbhíse agus na seirbhíse poiblí arís. Díriodh go mór ar bheith níos feiceálaí agus i láthair ag níos mó eachtraí gairme agus ar mhodhanna nua agus nuálacha a úsáid chun daoine cumasacha a mhealladh chuig gairmeacha sa tseirbhís poiblí. Rinne PAS taighde chun teacht ar mhodh straitéiseach chun teacht ar agus chun teagmháil a dhéanamh le daoine nua faoin réimse deiseanna atá ar fáil san earnáil poiblí.

Seo thíos roinnt de na príomh-ghníomhaíochtaí agus éachtaí sa réimse seo:

- › Páirteach sa Dúshlán Náisiúnta do Mhic Léinn don chéad uair.
- › Cur leis an tionscadal 'Transformation of Graduate Recruitment and Development', a cuireadh ar ghearrliosta do na 'Civil Service Excellence and Innovation Awards' a bhí ar siúl don chéad uair;
- › 82% de chéimithe a thosaigh le déanaí páirteach sa Chlár Forbartha nua do Chéimithe de chuid na seirbhíse poiblí sa suirbhé nua 'Inside Buzz';
- › Suirbhé náisiúnta a dhéanamh faoi eolas ar bhrandaí i dtaca le PAS agus suíomh gréasáin publicjobs.ie.

Dúshlán Náisiúnta do Mhic Léinn

Thosaigh an Dúshlán a bhí oscailte do mhic léinn tríú leibhéal ar fud na hÉireann le comórtas ar líne, agus tugadh cuireadh don 60 mac léinn is fearr páirt a ghlacadh sa phríomh-eachtra sa Dúshlán Náisiúnta do Mhic Léinn i mí Mhárta 2015 i gColáiste na hOllscoile Baile Átha Cliath.

Bhí an lá an-idirghníomhach agus fíor-shuimiúil. Tugadh sé chleachtadh difriúil, a shocraigh sé cinn de na fostóirí is mó do chéimithe in Éirinn (PAS san áireamh) do na mic léinn. D'úsáid PAS an 'cleachtadh' chun deis a thabhairt do mhic léinn foghlaim i slí ghreannmhar agus le fuinneamh, faoin tseirbhís poiblí in Éirinn. Tá an Dúshlán Náisiúnta do Mhic Léinn an-úsáideach chun daoine a chur ar an eolas faoi dheiseanna suimiúla gairme sa státseirbhís ar shlí éasca le mic léinn ardchumais ó institiúidí oideachais ar fud na hÉireann. Bhí an t-aiseolas ó mhic léinn faoin pháirt a bhí ag PAS san eachtra ar fheabhas.

Páirt a ghlacadh sa tionscadal 'Earcaíocht agus Forbairt Chéimithe'

I rith 2014 agus 2015 d'oibrigh PAS le comhghleacaithe ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun an tslí a mheallann agus a choinníonn an Státseirbhís grúpa maith céimithe a aistriú, agus ceannairí a dhéanamh astu. Trí ghrúpa gníomhach oibre le cathaoirleacht ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, d'oibrigh 12 Roinn agus Oifig le chéile chun clár forbartha do chéimithe a cheapadh don státseirbhís. Chruthaigh an clár seo córas maith do chomhoibriú idir Ranna maidir le foghlaim agus forbairt. Tá sé léirithe aige conas is féidir le baill foirne teacht le chéile chun oiliúint a chruthú agus a sholáthar maidir le hábhair a bhaineann le baill foirne ar fud na Státseirbhíse. Cuireadh an tionscadal

iomlán maidir le hearcaíocht agus forbairt earcaíochta do chéimithe sa tseirbhís phoiblí (aighneacht idir PAS agus ár gcomhghleacaithe sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe) ar ghearrliosta do ghradam ag an chéad ‘Gradaim Feabhais agus Nuálaíochta na Státseirbhíse’ i mí na Nollag 2015.

Suirbhé ‘Inside Buzz’

I lár na bliana 2015, shocraigh PAS áis measartha nua suirbhéireachta agus tuairiscithe dar teideal ‘Inside Buzz’ a úsáid mar uirlis thábhachtach chun céimithe ar ardchaighdeán a mhealladh chuig an tseirbhís phoiblí. Is féidir le céimithe atá ag lorg post a fháil amach cad go díreach atá i gceist a bheith ag obair do na fostóirí céimithe is mó. Déanann sé suirbhéanna ar chéimithe nua (gan ainm) faoi ghnéithe éagsúla dá bhfostaíocht agus den chlár ina bhfuil siad páirteach lena fháil amach cé chomh maith agus atá eagraíochtaí éagsúla i gcomparáid le chéile. Tugann sé deis do chéimithe nua a fháil amach cad go díreach atá i gceist sa phost agus déantar comparáid idir chomhlachtaí agus eagraíochtaí maidir le cultúr, leas, idirghníomhaíocht leis an bhainistíocht, freagracht agus dúshlán na hoibre agus roinnt eile. Bhí an tacaíocht ó eagraíochtaí cliant sa státseirbhís sár-mhaith agus bhí an freagra ó iontrálaithe nua sa státseirbhís le déanaí sár-mhaith ag 92% (an ráta is airde a bhain aon cheann de na fostóirí a bhí páirteach amach). Tá na torthaí, cainníochtúil agus cineálach, an-dearfach agus tugann sé léargas luachmhar de cad a cheapann iontrálaithe nua de ghnéithe nua dá bhfostaíocht in áiteanna éagsúla den státseirbhís.

Suirbhé Faoi Eolas Faoi Bhranda

D’eagraigh PAS suirbhé náisiúnta cainníochta de níos mó ná 1,000 duine fásta i mí Mheán Fómhair 2015. Ba é an príomh-chúis a bhí leis an suirbhé seo ná a fháil amach cén t-eolas a bhí ag daoine faoi PAS agus faoin suíomh gréasáin publicjobs.ie. Bhí sé mar aidhm ag an suirbhé fosta eolas a fháil faoin ghnáth-iompar agus rogha na ndaoine sna príomh-ghrúpaí déimeagrafacha chomh maith lena dtoilteanas agus suim i ngairm san earnáil phoiblí.

Seo iad na príomh-thorthaí:

- Tá suim ag an chuid is mó de dhaoine i Sláinte, Rialtas Áitiúil agus Oideachas;
- Bhí eolas faoi PAS agus publicjobs.ie níos lú ná mar a ceapadh;
- Is iad na daoine ó aois 16 - 34 is mó atá oscailte agus is dearfaí faoi ghairm sa tseirbhís phoiblí;
- Is léir go bhfuil daoine ag díriú ar phoist a lorg ar líne /go digiteach.

Tugann na torthaí seo eolas úsáideach faoi réimsí éagsúla chomh maith le tuairimí cuiditheacha do theachtairreachtaí le cur i mbrandaí agus i bhfeachtais chun eolas a scaipeadh amach anseo. Tá straitéis á forbairt faoi láthair maidir le próifíl publicjobs.ie a ardú agus maidir le níos mó daoine a mhealladh chuig gairm sa tseirbhís phoiblí.

Sár-réitigh earcaíochta agus seirbhísí comhroinnte a sholáthar

Tá sé mar aidhm ag PAS a bheith mar chéad rogha chun sár-réitigh earcaíochta agus seirbhísí comhroinnte a sholáthar sa tseirbhís phoiblí trí chóras tanaí agus éifeachtach earcaíochta agus soláthair a chur ar fáil, tríd an chuid is mó de riachtanais na gcliant a sholáthar agus chun baill foirne a aithint mar shár-earcaitheoirí.

Chun é seo a bhaint amach, ní mór do PAS feidhmíocht chomh maith le sástacht na gcliant a mheas go leanúnach agus gur féidir linn na hathruithe cuí a dhéanamh maidir le fás inbhuanaithe i ngnó.

Tá clár i bhfeidhm ag PAS chun measúnú a dhéanamh ar cad a bhain na Caighdeáin i Soláthar Seirbhíse amach (mar atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí agus sa Ráiteas Straitéise). Déanann an Fhoireann Bhainistíochta agus Bord PAS measúnú ar na tuairiscí maidir leis na caighdeáin seo a bhaint amach go rialta.

I 2015, ar an mheán thóg sé níos lú ná an 16 sheachtain a comhaontaíodh le cliant, comórtas gairmiúil agus teicniúil earcaíochta a réachtáil; ar an mheán thóg sé níos lú ná an 12 sheachtain a comhaontaíodh le cliant comórtas a réachtáil. Tá na meán-amanna bunaithe ar anailís ar gach feachtas ábhartha a réachtáil PAS. Mar gheall ar an leibhéal do phoist mar Oifigeach Cléireachais agus Oifigeach Feidhmiúcháin nach rabhthas ag súil leis, níor líonadh na poist seo chomh gasta agus a theastaigh ó chliant i gcónaí.

Shocraigh PAS caighdeáin dhiana chainníochtúla maidir le seirbhís a sholáthar do ghrúpaí custaiméirí difriúla. Déanann PAS roinnt suirbhéanna bliantúla ar chustaiméirí lena fháil amach an mbaintear amach na caighdeáin sheirbhíse atá leagtha amach do na grúpaí seo agus cad a cheapann na grúpaí seo de na seirbhísigh ar fad a chuirtear ar fáil. San áireamh sna suirbhéanna tá suirbhéanna faoi Chliant, de Bhaill den Bhord Roghnaithe, d'Iarrthóirí agus de Bhaill Foirne. Tugtar tuairisc ar thoradh na Suirbhéanna ar Chustaiméirí don Bhord. Tá díospóireacht faoi thorthaí na suirbhéanna faoi chliant agus faoi bhaill foirne ar leathanach 23 agus 29 faoi seach. Tá torthaí na suirbhéanna ar iarrthóirí agus ar bhaill na mbord roghnaithe pléite thíos.

Aiseolas an Iarrthóra

Rinneadh dhá shuirbhé faoi iarrthóirí i 2015; ceann amháin díobh siúd a rinne iarratas ar chomórtais ina raibh trialacha (i.e. comórtais mhóra); agus ceann d'iarrthóirí a rinne iarratas ar phoist ghairmiúla, theicniúla agus mar ardfheidhmeannaigh. I gcoitinne bhí torthaí dearfacha ar na suirbhéanna seo ach amháin maidir le caighdeán an aiseolais a tugadh do PAS.

(Comórtais Ardbhainistíochta & Ghairmiúla/Theicniúla) (1054 freagra)

Caighdeán & In Am	Ráta Freagraí Dearfacha
Sástacht le réamh-fhógra maidir leis an agallamh	83%
Sástacht le ham chun torthaí a chur amach	77%
Sástacht le teanga sa chomhfhreagras	82%
Sástacht le caighdeán na gceisteanna san agallamh	75%
Sástacht le cothrom na féinne san agallamh	73%

Sástacht le caighdeán an aiseolais a tugadh	37%
Sástacht leis an am a tógadh aiseolais a chur amach	69%
Plé leis an Fhoireann	
Sástacht le leibhéal agus caighdeán an eolais a thug an fhoireann	77%
Sástacht le cuidiú ó na baill foirne	86%

(Comórtais Mhóra) (2,940 freagra)

Caighdeán & In Am	Ráta Freagraí Dearfacha
Sástacht le réamhfhógra maidir leis an tástáil(acha)	83%
Sástacht le réamhfhógra maidir leis an agallamh	81%
Sástacht le hábharthacht na gceisteanna sa tástáil	51%
Sástacht le ham chun torthaí a chur amach	76%
Sástacht le ham chun torthaí agallaimh a chur amach	78%
Sástacht le teanga sa chomhfhreagras	90%
Sástacht le caighdeán na gceisteanna san agallamh	77%
Sástacht le cothrom na féinne san agallamh	76%
Sástacht le caighdeán an aiseolais	47%
Sástacht leis an am a tógadh aiseolais a chur amach	72%
Plé leis an Fhoireann	
Sástacht le leibhéal agus caighdeán an eolais a thug an fhoireann	81%
Sástacht le cuidiú ó na baill foirne	89%

Díríodh ar chaighdeán an aiseolais a scrúdú i 2015, agus scrúdaigh Bord PAS na ceisteanna straitéiseacha ag a gcruinniú. Rinne PAS beart chun caighdeán an aiseolais a fheabhsú maidir le trialacha, gearrliostú agus agallaimh, lena n-áirítear triail a bhaint as modh nua chun aiseolas faoi thrialacha a sholáthar agus as níos mó treoracha agus nótaí a sholáthar do bhoird roghnaithe.

Aiseolas ó Bhaill an Bhoird Roghnaithe

Bhí leibhéal fíor-ard sástachta i ngach réimse (mar a fheictear thíos) i suirbhé na mball foirne roghnaithe 2015. Lorgaíodh aiseolas sa bhreis ó gach ball den bhord roghnaithe faoi nár seirbhísí agus faoi mholtaí chun feabhas a chur ar chúrsaí. Fuarthas roinnt mhaith aiseolais a bhí dearfach agus tá na moltaí gur féidir a dhéanamh á gcur i bhfeidhm in 2016 mar chuid de phlean gníomhaíochta shuirbhé bhaill an bhoird roghnaithe.

Caighdeán agus Am Feithimh na bPróiseas agus Doiciméadúcháin	Ráta Freagraí Dearfacha
Doiciméadúchán faighte in am d'ullmhúchán	93%
Sástacht le doiciméadúchán tacaíochta	97%
Sástacht le hoiliúint/nótaí a tugadh	89%
Tugadh dóthain deiseanna d'iarrthóirí a n-oiriúnacht a léiriú	89%
Sástacht le bearta chun rúndacht an phróisis a chinntiú	100%
Sástacht le seirbhís ón fhoireann	97%

Bhí na nithe seo san áireamh san aiseolas:




“I gcoitinne ceapaim ó mo thaithí féin gur eagraíocht fíor-ghairmiúil agus freagrach í PAS”




“Cheap mé go raibh na nótaí eolais agus an chomhairle a thug na hoifigigh a bhíonn ag freastal ar agallaimh dom ar ardchaighdeán agus tugann siad treoir ghairmiúil dúinn ach go neodrach agus go neamhchlaonta. I mo thuairimse ba chóir go mbeadh bród ar PAS as a sár-chaighdeán ghairmiúla agus as a ngairmiúlacht.”

Bhí aidhm ann fás inbhuanaithe a bhaint amach agus rinneadh sin sa bhliain 2015, agus tháinig méadú 36% ar líon na bhfeachtas a reáchtáladh i gcomparáid leis an bhliain roimh ré. Bhí méadú 59% ar líon na gceapachán a rinneadh.


Líon na gComórtas a Fógraíodh



Líon na nIarratas



Líon na gCeapachán



An teagmháil agus an comhoibriú le cliaint a mhéadú nuair atá seirbhís den scoth á soláthar dár gcliaint

Ina Ráiteas Straitéise, deir PAS go gcuirfear meon caidrimh le cliaint i bhfeidhm chomh maith le comhoibriú chun dea-thorthaí a bhaint amach, trí phointí soiléire teagmhála agus tacaíocht agus trí sheirbhís eolach, sheasmhach agus éifeachtach a chomhlíonann riachtanais a sholáthar.

Lean PAS ag cabhrú le agus i bpáirt le cliaint le linn 2015. Tagann cliaint chuig PAS chun cabhair a fháil maidir lena gcuid riachtanas earcaíochta agus ba mhaith leo go mbeadh páirt níos mó ag PAS leo i dtaca le réimsí taobh amuigh de na gnáth-réimsí (réimsí nach bhfuil faoi reachtaíocht Bhainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) de ghnáth, dá mbeadh áiseanna PAS ar fáil dó. Déantar cinntí maidir le cabhair a thabhairt i gcásanna dá leithéid ó chás go chás de réir mar atá ualach oibre PAS ag an am áirithe sin.

Rinne PAS suirbhé maidir le sástacht na gcliaint i 2015 agus léiríonn na torthaí go bhfuil cliaint an-sásta faoin teagmháil le PAS (mar atá le feiceáil thíos) ach amháin maidir leis an tréimhse ama chun riachtanais earcaíochta a chomhlíonadh. Ba é an t-éileamh nach rabhtas ag súil leis, do ghráid mar Oifigeach Cléireachais agus Oifigeach Feidhmiúcháin in ionaid ar fud na tíre ba chúis i bpáirt le seo. Tá PAS i dteagmháil le cliaint chun déileáil leis an cheist seo do chomórtais amach anseo.

Riachtanais na gCliant a Chomhlíonadh	Ráta Freagraí Dearfacha
Sástacht lenár dtuiscint ar riachtanais earcaíochta na gcliant	94% (23% an-sásta)
Sástacht le tréimhse ama chun riachtanais na gcliant a chomhlíonadh	40% (7% an-sásta)
Sástacht le caighdeán na mball foirne a tugadh dóibh	97% (37.5% an-sásta)
Sástacht le fiúntas a chuir PAS leis	82% (32% an-sásta)
Plé leis an Fhoireann	
Sástacht le caighdeán na comhairle a thug an fhoireann	100% (57% an-sásta)
Sástacht le cuirtéis a léirigh an fhoireann	100% (75% an-sásta)
Sástacht le héifeachtacht ag plé le ceisteanna	85% (44% an-sásta)
Sástacht le caighdeán na tacaíochta a tugadh	81% (33% an-sásta)

Tá sprioc againn sástacht 95% le cliaint a bhaint amach maidir le caighdeán na n-iontrálaithe nua agus maidir le PAS ag léiriú tuiscint ar riachtanais earcaíochta na gcliant. Bhain muid amach 97% agus 94% de shástacht sna réimsí seo faoi seach.

Bunófar feidhm nua Bainistíocht ar Chaidreamh le Cliaint i 2016 chun teagmháil a dhéanamh le cliaint maidir le riachtanais earcaíochta agus chun socrú a dhéanamh maidir le soláthar. Tá súil ag an fheidhm nua maidir le caidreamh le cliaint a bhainistiú dul chun cinn a dhéanamh maidir le clár um chomhaontú leibhéal seirbhíse le cliaint.

Roghanna leictreonacha a úsáid nuair is féidir

Sprioc straitéiseach eile de chuid PAS ba ea an úsáid is mó a bhaint as réitigh TE, lena n-áirítear earcaíocht leictreonach sna phríomh-chórais soláthair. Bainfear seo amach trí níos mó teagmhála le grúpaí a ndírítear orthu trí ardáin ar líne, trí dhul chun cinn a dhéanamh chuig seirbhís earcaíochta ar líne ó thús go deireadh agus imeacht ó pháipéar a úsáid sa phróiseas. Rinneadh dul chun cinn mór sa réimse seo i 2015 go háirithe maidir le boird gan pháipéar agus measúnú ar líne.

Boird gan Pháipéar

Sa bhliain 2015 díriodh ar pháipéar a bhaint as an phróiseas agus ar sheirbhísí digiteacha sa bhreis a sholáthar. Baineadh triail as réiteach d'ábhar digiteach do bhoird agallaimh i 2015. Tar éis na trialach seo, chuir PAS amach tairiscint do réiteach gan pháipéar, agus i ndeireadh na dála glacadh le soláthraí chun réiteach a sholáthar ina bhfuil sábháil shuntasach ar chostas agus méadú ar shlándáil eolais, chomh maith le feidhmeanna sa bhreis ar bhoird agallaimh gan pháipéar agus réitigh maidir le hobair ó chian agus leanúnachas gnó a bhaint amach.

Publicjobs.ie

Tá sé mar aidhm ag suíomh gréasáin publicjobs.ie saoráid chuimsitheach earcaíochta ar líne a chur ar fáil, atá furasta a úsáid ag cliaint agus ag iarrthóirí. Tá an suíomh ag forbairt go leanúnach bunaithe ar chleachtas i ngnó atá ag athrú agus ar aiseolas ó úsáideoirí. Rinneadh leasú ar leith i 2015 ar an fheidhm Fóláirimh Poist chun líon na ríomhphost a fhaightear ó úsáideoirí cláraithe a laghdú go mór. Rinneadh roinnt mhaith obair anailise ar fheidhmeanna eile den suíomh lena n-áirítear an tslí a bhfógraítear poist agus tacsanomaíocht an phoist. I suirbhé na n-iarrthóirí sa bhliain 2015, léiríodh sástacht fíor-ard le publicjobs.ie. agus gradpublicjobs.ie.

(Comórtais Ardbhainistíochta & Ghairmiúla/Theicniúla)

Suíomh Gréasáin	Ráta Freagraí Dearfacha
Éascaíocht úsáide	85%
Caighdeán an eolais	92%

(Comórtais ina raibh Líon Mór Iarratas)

Suíomh Gréasáin	Positive Response Rate
Éascaíocht úsáide	91%
Caighdeán an eolais	91%

Measúnú ar Líne

Sa bhliain 2012, mhol Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí tabhairt faoi earcaíocht ar líne do chomórtais ina raibh líon mór iarratas. B'é is cúis leis ná an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní, go háirithe mar go raibh an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí ag obair le líon ball foirne a bhí laghdaithe go mór ag an am.

Tugadh isteach tástáil ar líne ar dtús do chomórtais speisialtachta do chéimithe agus do chomórtais do threas rúnaí i 2012 agus 2013 agus d'oibrigh an tástáil ar líne go maith. De réir an aiseolais a fuarthas ó iarrthóirí agus baill foirne bhí córas na dtástálacha cothrom agus áisiúil agus b'fhearr le hiarrthóirí na tástálacha a dhéanamh ina suíomh féin seachas a bheith orthu a theacht chuig ionaid réigiúnacha chun tástálacha a dhéanamh le páipéar agus peann luaidhe. Nuair a bhí an t-athrú ar líne á dhéanamh, bhí PAS ar aire maidir le cloí le dea-chleachtas maidir leis na naoi n-ábhar faoi reachtaíocht chomhionannais agus déantar comórtais ar líne ar shlí ina n-úsáidtear uirlisí measúnaithe éagsúla chun droch-thoradh a sheachaint; déanann PAS monatóireacht ar gach measúnú ar líne go cúramach maidir leis an ábhar seo. Cuireann PAS áiseanna suntasacha ar fáil chun cabhrú le daoine faoi mhíchumas agus tá sé léirithe go bhfuil na tástálacha ar líne cuiditheach agus cothrom sa mhéid seo.

I 2015, chomhlíon 28,269 iarrthóir tástálacha ar líne do chomórtais. Tá PAS sásta go bhfuil tástáil ar líne fíor-éifeachtach agus éifeachtúil chun comórtais mhóra a láimhseáil. Léiríonn an fhianaise a bhailigh PAS go bhfuil daoine ar éirigh go maith leo sna trialacha ar líne ag déanamh cúis mhaith sna staidéanna ina dhiaidh sin agus fuair PAS aiseolas dearfach faoi chaighdeán na ndaoine a ceapadh ó fheachtais le déanaí.

I 2015 d'úsáid PAS teicneolaíocht sna comórtais Ionad Measúnaithe, nuair a húsáideadh E-tray sna comórtais mar Oifigeach Cléireachais agus Príomhoifigeach Cúnta. Cleachtadh measúnaithe dinimiciúil agus idirghníomhach ar líne is ea E-tray a dhéanann aithris ar na tascanna a bheadh i gceist san obair. Tugtar eolas d'iarrthóirí faoi chás oibre a bheadh cosúil le tascanna a bheadh ag daoine i bpoist. Le himeacht ama sa chleachtadh, faigheann siad teachtaireachtaí ríomhphoist agus teileafóin agus ní mór dóibh freagra a thabhairt in am fíor agus ní mór dóibh fosta obair scríofa a dhéanamh, a dhéantar ar líne. Thug iarrthóirí freagra dearfach ar mheasúnú a cheap siad a bhí deacair ach réalaíoch.

Eolas agus saineolas a léiriú agus a fhógairt

Tá PAS tiomanta do shaineolas atá bunaithe ar fhianaise a sholáthar don tseirbhís phoiblí agus PAS a bheith ina shaineolaí luachmhar d'fhóirí a bhaineann le hAD. I 2015 dhírigh PAS ar chur leis an chlár straitéiseach ginearálta AD, ag obair le cliant ar mheasúnú a fhorbairt, agus leanúint ag díriú ar thagarmharcáil chun eolas faoi dhea-chleachtas a roinnt agus a mhéadú.

Aithníonn PAS na forbairtí in AD straitéiseacha sa státseirbhís agus an tábhacht a bhaineann le grúpaí oibre sa Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus eile lena n-áirítear:

- Clár Athnuachana na Státseirbhíse
- Gréasán Oifigigh Pearsanra na Státseirbhíse
- Gréasán an Rúnaí Cúnta
- Cumann Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin na nGníomhaireachtaí Stáit
- Grúpa Forfheimithe Chlár Forbartha do Chéimithe sa Státseirbhís
- Ceannasaí Gréasán TEC
- Gréasán Sheirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí

Cuireann PAS leis na gréasáin seo trí eolas faoi earcaíocht a roinnt, a chuid eolais faoi dhúshlán sa mhargadh agus a cuid eolais faoi dhea-chleachtas reatha agus atá ag teacht chun cinn maidir le hearcaíocht agus roghnú.

Forbairt Measúnaithe

Chomh maith le E-trays a fhorbairt mar a pléadh cheana, chomhlíon PAS clár forbartha d'uirlisí roghnaithe nua sa bhliain 2015. Tá PAS chun cinn maidir le ceistneoirí measúnaithe ar líne a fhorbairt agus tá siad an-éifeachtach mar uirlis scagtha in éineacht le tástálacha ar líne. D'fhorbair PAS ceistneoir measúnaithe ar leith d'Oifigeach Cléireachais Sealadach agus d'Fhir Múchta Dóiteáin i mBriogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath. Uirlis úsáideach mheasúnaithe atá ann agus tá an ceistneoir úsáideach fosta chun léargas a thabhairt d'iarrthóirí faoi cad go díreach atá i gceist sa phost chun gur féidir leo imeacht as an phróiseas iad féin mura n-oireann an post dóibh, rud a fhágann go bhfuil na hiarrthóirí sa réimse níos oiriúnaí. Ceapadh triail nua measúnaithe suímh do Chéimithe i 2015 i gcomhpháirtíocht le céimithe agus a mbainisteoirí i ranna rialtais éagsúla.

Oiliúint

Tá leibhéal ard gníomhaíochta i PAS rud a fhágann go bhfuil géar-ghá le hlonadaithe PAS (daoine a oibríonn le boird agallaimh chun Cóid Chleachtais a chomhlíonadh, nótaí a ghlacadh agus comhairle agus treoir a thabhairt don bhord). Reáchtáil PAS dhá sheisiún oiliúna d'ionadaithe PAS i 2015. Cúrsa athnuachana a bhí sa chéad seisiún d'ionadaithe a bhí i PAS ag an am. Ba do dhaoine nua i PAS an dara ceann; tugadh deis dóibh oibriú le hlonadaithe reatha PAS sula n-úsáidí iad sa ról tábhachtach seo.

Tagarmharcáil

Lean PAS le tagarmharcáil leanúnach ar chleachtas maidir le measúnú, chomh maith le foghlaim a roinnt ag roinnt eachtraí tionscail, chuir duine den Aonad Measúnaithe Seirbhísí páipéar i láthair ag Comhdháil Rannóg na Síceolaíochta agus Gairme de Chumann Síceolaíochta na Breataine faoi “High stakes recruitment in the public eye”. Deis a bhí sa chur i láthair do PAS a foghlaim maidir le roghnú agus earcaíocht a roinnt i dtaca le líon mór iarrthóirí i réimse a bhfuil suim ar leith ag an phobal agus na meáin ann. Dhírigh an páipéar go háirithe ar chomórtas an Gharda faoi Oilíúint agus roinneadh na modhanna a húsáideadh don chomórtas chomh maith leis na próisis deimhniú cáilíochta. Labhraíodh faoi ról agus tionchar na meán sóisialta chomh maith le roinnt de na ceisteanna a bhí ag PAS agus conas a pléadh leo.

Bhí a gcomhdháil bhliantúil ag ‘The Association of Test Publishers (ATP)’ i mBaile Átha Cliath i 2015. Ócáid thábhachtach idirnáisiúnta atá ann ina dtagann ceannasaithe AD le chéile chun forbairtí i modhanna measúnaithe a phlé. An dá lá roimh an chomhdháil bhí cruinniú ag an Special Interest Group den ATP don earnáil phoiblí. Ar iarratas ón Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO), chuir PAS an cruinniú seo ar fáil i dTeach Farmleigh. Orthu siúd a d’fhreastail ar an ócáid bhí ionadaithe sinsearacha ó eagraíochtaí éagsúla ar nós EPSO, Australian Medical Council, An Banc Ceannais Eorpach, United Nations Population Fund, An Banc Domhanda, na NA agus an Chomhairle Eorpach chomh maith le hionadaithe ó roinnt ball stáit lena n-áirítear, an Bhreatain, An tSualainn, Malta, An Spáinn, An Ollainn, An Bheilg, An Eastóin, agus foilsitheoirí trialacha ó ar fud an domhain. Chuir PAS páipéar dar teideal “The Competency Based Approach - na dúshláin, an todhchaí, na roghanna eile” i láthair i gcomhar le EPSO, agus chuir siad an dara páipéar i láthair faoi uirlisí féin-roghnaithe agus féin-mheasúnaithe. Bhí an t-aiseolas faoin ócáid an-dearfach.

I mí Mheán Fómhair 2015 chabhraigh PAS le cuairt staidéir aon seachtaine ó 17 Státseirbhíseach ó Bhoisnia agus Heirseagaivéin (daoine a raibh poist cheannaireachta acu i nGníomhaireachtaí Státseirbhíse agus airí Rialtais san áireamh) mar chuid de thionscadal a fuair maoiniú ón AE. Chuir PAS clár suimiúil eolais i láthair faoi ábhair ar nós earcaíocht agus roghnú éifeachtach, feabhas a chur le beartas reatha earcaíochta agus roghnaithe, acmhainn an phobail a fhorbairt in aonaid lárnacha agus imeallacha Bainistíochta Acmhainní Daonna agus pleanáil AD a fhorbairt, agus bhí sár-chainteoirí ó PAS agus roinnt Ranna / Oifigí eile ann lena n-áirítear An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim agus an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí.

Tá ról againn cabhair a thabhairt maidir le heolas a chur ar fáil faoi dheiseanna gairme do chéimithe in institiúidí an AE agus in eagraíochtaí idirnáisiúnta agus sa mhéid sin, d’fhreastail PAS ar an Career Development Roundtable (CDR) and Careers Fair, i Maidrid i mí na Samhna 2015. Mhair an chomhdháil dhá lá agus sa chlár suimiúil bhí cúig shraith de sheimineáir / ceardlanna, ag an am amháin a raibh baint ar leith acu ar fad le hearcaíocht agus dea-chleachtas sa tseirbhís phoiblí.

Cumasóirí – Ár nDaoine

Aithnítear gurab iad na baill foirne an ghné is tábhachtaí maidir lenár gclár oibre dian a sholáthar gach bliain. Tá sé beartaithe ag PAS obair dhúshlánach agus shuimiúil a sholáthar chun gur féidir le baill foirne a gcumas iomlán a bhaint amach; fócas, cumas agus scileanna na mball foirne a neartú; feabhas leanúnach a chothú; agus cumarsáid éifeachtach a chothú ar fud na heagraíochta.

Ba mhaith le PAS a bheith ina heagraíocht foghlama a thuigeann agus a bhaineann an úsáid is fearr as gach rud a chuireann na baill foirne leis.

Oiliúint agus Forbairt

- › Cuireadh réimse clár oiliúna agus forbartha ar fáil do bhaill foirne i 2015, lena n-áirítear, clár forbartha bainistíochta do bhainisteoirí rannóige; oiliúint tástála maidir le comhionannas míchumais do bhaill foirne a raibh baint acu le hiarrthóirí a thástáil; agus cosaint don iarrthóir, oiliúint faoi chomhionannas agus Béarla simplí do bhaill foirne.
- › Bhí baill foirne PAS páirteach sa scéim aisíoc táillí chun cúrsaí céime agus iarchéime a bheadh ar son a leasa dóibh san eagraíocht. D'úsáid PAS scileanna chomh maith agus a d'fhéadfadh siad trí chinntiú gur cuireadh baill foirne in ionaid is mó a d'oir dá scileanna.

Tagarmharcáil Bhainistíocht na nAcmhainní Daonna

D'éirigh go maith le PAS i measúnú bliantúil an NSAI maidir le creidiúnú Sár-Fheabhas Trí Dhaoine (ETP). Tá an ETP dírithe ar eagraíochtaí féachaint ar a mbaill foirne mar fhoinsé tábhachtach chun buntáiste iomaíochta a bhaint amach. Cabhraíonn an córas seo le heagraíochtaí feabhas i ngnó a bhaint amach mar seo:

- › Na córais acmhainní daonna chuí a chur i bhfeidhm chun an leas is mó a fháil ó bhaill foirne;
- › Cleachtais daoine a chur in oiriúint le haidhmeanna na heagraíochta;
- › An luach is fearr a bhaint as an infheistíocht i mbainistíocht acmhainní daonna.

Tá sé phríomh-réimse i gceist sa phróiseas leasaithe gnó. Seo iad na rannáin i gceist:

- › Pleanáil gnó agus feabhsú leanúnach;
- › Cumarsáid éifeachtach agus daoine a bheith páirteach;
- › Ceannaireacht agus bainistíocht daoine;
- › Pleanáil foghlama agus forbartha;
- › Measúnú foghlama agus forbartha;
- › Córais acmhainní daonna agus folláine na bhfostaithe.

Bhí an measúnóir ar an láthair agus d'fhéach sé ar fhianaise scríofa maidir leis an chaighdeán a chomhlíonadh agus labhair sé le baill foirne áirithe san oifig. Scrúdaigh an Measúnóir trí cinn den sé réimse agus chuir sé leis na moltaí a rinneadh sa mheasúnú iomlán i mí Mheán Fómhair 2014.

Comhionannas agus Éagsúlacht

Tá comhionannas agus éagsúlacht tábhachtach i ndearcadh na heagraíochta. Cinntíonn PAS é seo mar seo a leanas:

- A chinntiú go bhfuil comhionannas i bhfeidhm maidir leis na modhanna measúnaithe agus roghnaithe nua;
- Monatóireacht maidir le comhionannas a dhéanamh ar gach triail ina raibh líon mór iarratas;
- An Beartas Comhionannais agus Éagsúlachta agus an Plean Gníomhaíochta Inrochtaineachta a ndéanann an Grúpa um Mhonatóireacht Comhionannais monatóireacht orthu a chur i bhfeidhm (déanann siad monatóireacht fosta ar riachtanais an Achta Míchumais a chomhlíonadh);
- San áireamh tá ceisteanna faoi Chomhionannas agus Éagsúlacht mar chuid den Chlár Corparáideach Ionduchtaithe do gach ball foirne nua; agus oiliúint maidir le Feasacht Míchumais agus Feasacht Éagsúlachta a sholáthar do bhaill foirne;
- An leabhrán dar teideal ‘Features and services of the Public Appointments Service for customers with special needs’ a fhorbairt. Léiríonn an leabhrán eolais seo gnéithe éagsúla dár seirbhís earcaíochta inrochtana agus rochtain fhisiceach na hOifige i gcoitinne. Dírionn sé ar chinntiú do chustaiméirí faoi mhíchumas go bhfuil na háiseanna agus na seirbhísí atá riachtanach ag PAS chun gur féidir leo páirt a ghlacadh sa phróiseas earcaíochta is rogha leo cothrom agus neamhchlaonta. Tá an leabhrán ar fáil ar an suíomh gréasáin.
- Páirteach i gClár WAM (Willing Able Mentoring Programme) Clár socrúcháin oibre atá i gceist i gcomhar leis an Aonad Comhionannais, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, AHEAD agus PAS. Spreagann an clár seo céimithe tabhairt faoi shocrúcháin oibre sé mhí. Cuireadh 40 iarrthóir faoi agallamh don chlár seo i mí na Bealtaine 2015. Thóg PAS céimí amháin ar éirigh leis le dul ag obair le margáocht ar feadh sé mhí; tugadh socrúcháin do céimithe eile le heagraíochtaí Rialtais eile.

Teagmháil le Baill Foirne

Is féidir le PAS ualach fíor-mhór oibre a sholáthar mar gheall ar an solúbthacht agus ar an tiomantas a léiríonn na baill foirne. Cinntíonn PAS go bhfuil na baill foirne páirteach trí cheannaireacht, forbairt foirne agus cumarsáid ar bhonn leanúnach.

I suirbhé faoi Theagmháil le Cliant sa Státseirbhís ina iomláine, glac 86% de bhaill foirne PAS páirt i gcomparáid le 42% ar an meán sa státseirbhís. D'éirigh go han-mhaith le PAS sna torthaí faoi theagmháil a léiríonn an sár-obair a dhéanann na baill foirne do chliant agus d'iarrthóirí. Sa suirbhé bhí an marc is airde ag PAS i dtrí cinn de na ceithre phríomh-chatagóirí (féach thíos):

Réimse	Marc PAS	Marc is Airde	Meánmharc
Folláine	81%	81%	75%
Teagmháil le Baill Foirne	77%	77%	70%
Tiomanta don Eagraíocht	63%	63%	48%
Coping with Change	72%	73%	69%

Chomhlíon PAS a shuirbhé féin i 2015 a léirigh sástacht an-ard. Bhí sástacht ard i réimsí tábhachtacha áirithe atá leagtha amach thíos.

Réimse	Ráta Freagraí Dearfacha
Ligeann mo bhainisteoir dom a bheith freagrach as mo chuid oibre	100%
Tugadh an oiliúint agus an fhorbairt dom chun mo chuid oibre a dhéanamh	90.5%
Ceapaim gur áit oibre fholláin agus shábháilte m'áit oibre	87%
Ceapaim go bhfuil meas ag daoine ar a chéile	94%
Ceapaim gur féidir liom mo stuaim féin a úsáid chun moltaí a dhéanamh chun feabhas a chur leis an obair a dhéanaim	95%
Ceapaim go gcuireann an oifig áiseanna maithe ar fáil do bhaill foirne faoi mhíchumas	94%
Molaim PAS go mór lasmuigh faoin obair a dhéanaimid	94%
Déanaim iarracht ar leith d'ár gcustaiméirí	100%

Cuireadh plean Gníomhaíochta i bhfeidhm chun déileáil le ceist ar bith a tháinig as an dá shuirbhé agus chun moltaí a thiocfadh ó bhaill foirne a chur i bhfeidhm mar chuid den phróiseas, agus san áireamh moltaí a bhaineann le seirbhísí leasaithe do chustaiméirí seachtracha. Cuirfear an plean gníomhaíochta i bhfeidhm tríd an Choiste Comhpháirtíochta agus an Fhoireann Ardbhainistíochta.

Feabhsú Leanúnach Caighdeán

Chuir PAS clár leasaithe caighdeán i bhfeidhm lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta Caighdeán a chur i bhfeidhm. Tá na gníomhaíochtaí sa phlean bunaithe ar réimsí a roghnaíodh do fheabhsú ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear aiseolas ó ghrúpaí custaiméirí; moltaí ó athbhreithnithe inmheánacha faoi chaighdeán na bhfeachtas; aiseolas ó athbhreithnithe a rinne athbhreithneoirí inmheánacha nó eadránaithe cinnidh faoi phróisis athbhreithnithe Chód Cleachtais an CCSP. I measc na ngníomhaíochtaí bhí tionscnaimh leasaithe gnó agus feabhas a chur le seirbhísí a sholáthraítear d'iarrthóirí, do chliant agus do bhaill de bhoird roghnaithe.

Chuir PAS tús fosta le roinnt Tionscadal Gnó Barainneach i 2015, agus cuireadh cuid díobh i bhfeidhm. Cuireadh na tionscadail eile san áireamh i gceann de na Tionscadail Straitéiseach a sholáthrófar i 2016.



Rialáil agus Bainistíocht

Bord PAS

Bunaíodh Bord PAS i 2004 faoin Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004. Cuireadh Cód Cleachtais an Bhoird le chéile de réir “An Comhchód um Rialachas Corparáideach” agus “An Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit”, a d’fhoilsigh an Roinn Airgeadais. Léiríonn sé an reachtaíocht a rialaíonn an Oifig seo (i.e. an Acht 2004). Leasaíodh an Cód Cleachtais sa bhliain 2015. Pléann an Bord leibhéal gníomhaíochta oibre, airgeadas agus riosca, chomh maith le roinnt ceisteanna tábhachtacha straitéiseacha ag gach cruinniú.

Bord PAS

Cathaoirleach

Iníon Judith Eve, Iar-Chathaoirleach Choimisinéirí na Státseirbhíse, Tuaisceart Éireann

Baill an Boird

Iníon Fiona Tierney, Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí

An tUasal Paul Lemass, Rúnaí Cúnta, An Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil

An Dr. Eddie Molloy, Comhairleoir AD

Iníon Anne-Marie Taylor, Comhairleoir AD

Iníon Eimear Kenny, Ardfheidhmeannach AD





Iníon Oonagh Mc Phillips, Rúnaí Cúnta, An Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais



An tUasal Damien McCalion, Stiúrthóir Náisiúnta - FnaSS

An tUasal David Cagney, Príomhoifigeach Acmhainní Daonna don Státseirbhís, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Bord Bainistíochta

Bíonn cruinniú ag an Fhoireann Chorporáideach Shinsearach dar teideal An Bord Bainistíochta go foirmiúil gach coicís chun ceisteanna straitéiseacha a phlé. Is í an Príomhfheidhmeannach a bhíonn mar chathaoirleach ar na cruinnithe. Chomh maith leis na cruinnithe seo, bíonn cruinniú ag an Bhord Bainistíochta agus bainisteoirí sinsearacha gach seachtain chun gnóthaí oibríochta earcaíochta a phlé chomh maith le gnéithe corparáideacha na heagraíochta.

Baill an Bhoird Bainistíochta	
Ainm agus Ról	Freagrachtaí
<p>Fiona Tierney, Príomhfheidhmeannach, An tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí</p> 	<p>Beartas agus straitéis an Bhoird a chur i bhfeidhm, agus bainistíocht agus oibriú na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí</p>
<p>Niall Byrne, Ceannasaí Gnóthaí Corparáideacha agus Boird Stáit</p> 	<p>An tacaíocht ar fad a chur ar fáil do sheirbhísí corparáideacha chun gur féidir le PAS a chlár oibre a sholáthar lena n-áirítear forbairt a dhéanamh ar roghanna leictreonacha a úsáid agus a chinntiú go gcuirtear na cumasóirí maidir le daoine, rialachas, teicneolaíocht, próisis agus áiseanna ar fáil. Freagrach as ról PAS maidir le Boird Stáit.</p>
<p>Niall Leavy, Ceannasaí ar Thionscadail Straitéiseacha</p> 	<p>Eolas agus saineolas PAS a léiriú agus a chur i láthair lena n-áirítear tagarmharcáil agus taighde, straitéis margaíochta agus maidir le meáin shóisialta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm agus obair a dhéanamh ar thionscadail straitéiseacha.</p>
<p>Áine Gray, Ceannasaí na Seirbhísí Measúnaithe</p> 	<p>Próisis maidir le dea-chleachtas measúnaithe a cheapadh agus a chur i bhfeidhm chun iarrthóirí a roghnú dár gcliaint agus deimhniú sa réimse seo.</p>
<p>Margaret McCabe, Ceannasaí Earcaíochta agus Roghnaithe</p> 	<p>Freagracht iomlán as gach comórtas a bhfuil an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí páirteach ann, a bhainistiú agus a réachtáil.</p>

Baill an Bhoird Bainistíochta	
Ainm agus Ról	Freagrachtaí
<p>Mary Flynn, Príomh-Bhainisteoir, An Grúpa Cirt</p> 	<p>Seirbhísí earcaíochta a sholáthar maidir le Garda faoi Oiliúint, Cúltaca an Gharda Síochána agus Oifigeach Príosúin agus an earnáil Cirt / gníomhaireachtaí a bhainistiú; seirbhísí comhairliúcháin a sholáthar.</p>
<p>Michelle Noone, Ceannasaí Cuardach Feidhmeannach, Margaíocht agus Cumarsáid</p> 	<p>Modhanna cuardaigh d'fheidhmeannaigh a úsáid chun iarrthóirí ar ardchaighdeán a shainaitheint do cheapacháin mar Ardfheidhmeannach agus ar Bhoird.</p>

Struchtúr na hEagraíochta

Déanann Aonad na Seirbhísí Earcaíochta agus Roghnaithe (RSSU) príomhfheidhmeanna na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí. Tá seacht bhfoireann earcaíochta agus foireann imréitigh agus sannacháin i gceist san RSSU, agus tá Bainisteoir Earcaíochta i gceannas ar gach foireann. Tá speisialtacht ar leith ag gach foireann ach tá an struchtúr solúbtha go leor chun díriú ar acmhainní nuair atá éileamh mór i gceist am ar bith. Bunaíodh foireann speisialtachta atá freagrach as próiseas na mBord Stáit. Tugann aonaid tacaíochta na hOifige cabhair don RSSU: Seirbhísí Measúnaithe, Cuardach Feidhmeannach agus Margaíocht, Teicneolaíocht Eolais, An tAonad Airgeadais, Caidreamh le Custaiméirí agus Tacaíocht d'Oibríochtaí, Aonad na nAcmhainní Daonna, agus an tAonad Tacaíochta Gnó.

Tá sé mar phríomh-chuspóir ag an Aonad Measúnaithe Seirbhísí a dheimhniú go soláthraíonn próisis roghnaithe PAS na torthaí cearta agus go bhfuil siad de réir dhualgais PAS, faoin dlí agus faoi na Cóid Chleachtais chuí. Forbraíonn agus soláthraíonn an t-aonad seo próisis mheasúnaithe chuí atá ábhartha, éifeachtach agus cothrom do gach iarrthóir. Tá an t-Aonad freagrach fosta as na próisis sin a chur i bhfeidhm agus as maoirseacht agus measúnú a dhéanamh orthu.

Tugann an tAonad um Chuardach Feidhmeannach tacaíocht d'aonaid earcaíochta, go háirithe don fheidhm Earcaíocht Ardfheidhmeannach agus Boird Stáit. Tá sé mar sprioc ag an Aonad seo iarrthóirí ar ardchaighdeán a bhféadfadh suim a bheith acu i bpoist shinsearacha do TLAC agus don státseirbhís agus an tseirbhís phoiblí i gcoitinne a mhealladh. De ghnáth bíonn na poist seo i gceist, Ard- Rúnaí, Ard-Rúnaí Cúnta, Ceannasaí Feidhme, leibhéal Boird Neamh-Fheidhmeannach nó réimsí saineolais. De ghnáth lorgaítear iarrthóirí ón earnáil phoiblí agus phríobháideach in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.

Tá an tAonad Margaíochta freagrach as a chinntiú gurab iad PAS an soláthraí earcaíochta agus foinsithe de rogha san earnáil phoiblí trí mhargaíocht a dhéanamh chuig iarrthóirí fóirsteanacha san earnáil shibhialta, phoiblí agus phríobháideach trí fhógraíocht, cur chun tosaigh ag ócáidí, meáin shóisialta agus i bhfoilseacháin tionscail. Cuireann an tAonad eagraíochtaí na gcliant chun cinn trí trí eolas a chur ar fáil faoi róil agus deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann trí shuíomh gréasáin gradpublicjobs, publicjobs agus stateboards.

An Coiste Iniúchta

Is iad seo thíos baill an Choiste Iniúchta:

Cathaoirleach: Iníon Sylva Langford, Iar-Ard-Stiúrthóir, Oifig an Aire Leanaí

Baill: An tUasal Michael Culhane, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Airgeadais agus Seirbhíse, Garda Ceanncheathrú, An tUasal William Beausang, Rúnaí Cúnta, An Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Ainmní an Bhoird ó Mhí Feabhra go mí Mheithimh 2015)

An tUasal Paul Lemass, Rúnaí Cúnta, An Roinn Comhshaoil, Pobal agus Rialtais Áitiúil (Ainmní an Bhoird ó mhí Mheithimh 2015)

An tUasal Brian Murphy, Príomhoifigeach Cúnta, PAS

Comhlíonann an Coiste Iniúchta feidhmeanna maidir leis na réimsí seo:

- › Rialáil Inmheánach
- › Rialáil agus Bainistíocht Riosca
- › Iniúchadh Inmheánach
- › Iniúchadh Seachtrach
- › Bainistíocht Airgeadais
- › Feidhmeanna Tuairiscithe

I rith 2015, dhírigh an Coiste ar a ról a fhorbairt maidir le tacaíocht sa bhreis a thabhairt don Oifigeach Cuntasaíochta i ngach gné den fheidhm iniúchta inmheánaigh. Forbraíodh Plean Straitéiseach Iniúchta do 2016 - 2018 i 2015 agus cheadaigh an Coiste Iniúchta agus Bord na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí é.

Tugadh na ceithre thuarascáil seo faoi iniúchadh inmheánach don Choiste Iniúchta Inmheánaigh le linn 2015:

- › Cosaint Sonraí
- › Leanúnachas Gnó
- › Párolla
- › Sláinte agus Sábháilteacht

Rinne comhlacht Iniúcháirí Inmheánacha a choinnigh PAS (tar éis próiseas soláthair a dhéanamh) do sheirbhísí iniúchta dá leithéid do PAS, gach iniúchadh. Ní bhfuarthas aon riosca suntasach nó ceist faoi dhearbhu de bharr na n-iniúchtaí seo, agus bhí an Coiste Iniúchta sásta go neartófar na rialacháin sna réimse seo trí na moltaí sna tuairiscí seo a chur i bhfeidhm.

Bainistíocht Riosca

D'fhorbair an tSeirbhís um Cheapacháin Phoiblí Creat Bainistíochta Riosca agus Beartas Bainistíochta Riosca a oireann don oifig. Cinntíonn Grúpa Bainistíochta do Riosca inmheánach go gcuirtear an próiseas seo i bhfeidhm agus go ndéantar monatóireacht air. Tuairiscíonn an Grúpa don Choiste Iniúchta Inmheánaigh ag gach cruinniú. Tugtar an t-eolas is úire faoi na rioscaí reatha atá ag an eagraíocht don Bhord ag gach cruinniú. Leasaíodh an Clár Riosca Corparáideach go hiomlán sa bhliain 2015; pléann an Bord Bainistíochta é go rialta.

Cosaint Sonraí

Tá sonraí fíor-thábhachtach do ghnó riaracháin PAS. Nuair a bhailítear sonraí pearsanta ó iarrthóirí, baill de bhoird bhainistíochta, soláthraithe agus baill foirne, tá PAS freagrach as é a úsáid go héifeachtach agus go heiticiúil. Ní mór a bheith cothrom idir chearta an duine ar phríobháideachas agus riachtanais chuí gnó de chuid na Seirbhíse um Cheapacháin Phoiblí, agus dá bharr sin, ní mór do gach ball a bheith ag obair de réir na gcaighdeán is airde is féidir. Rinneadh athbhreithniú ar an Chód um Shonraí Pearsanta a Chosaint sa bhliain 2015, agus cuireadh oiliúint faoi chosaint sonraí do gach ball foirne (oiliúint éigeantach do gach ball foirne de chuid PAS a bhí ann) agus tugtar an oiliúint sin do gach ball foirne nua nuair a thosaíonn siad ag obair i PAS. Fuarthas cúig iarratas faoi chosaint sonraí i 2015.

Saoráil Eolais (SE)

Tá Déantóir Cinnidh amháin ag PAS do Shaoráil Eolais (SE) agus Athbhreithneoir Inmheánach (agus duine eile do gach ról má bhíonn an Déantóir Cinnidh / Athbhreithneoir Inmheánach as láthair nó páirteach san ábhar ar dhóigh ar bith. Fuarthas 56 iarratais do Shaoráil Eolais i 2015. Fuarthas deich n-iarratas maidir le hAthbhreithniú Inmheánach faoi chinntí SE i 2015 agus rinne dune amháin díobh siúd iarratas ar athbhreithniú sa bhreis chuig an Choimisinéir Eolais.

Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chomhlíonadh

I 2013 d'fhoilsigh PAS a dara Scéim Teanga Ghaeilge. Bhí an Scéim seo bunaithe ar threoirínte an Aire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta. Bhí ábhar na Scéime seo bunaithe ar ár dtaithí maidir le geallúintí don chéad Scéim a sholáthar; ar na haighneachtaí a fuarthas; ar aiseolas leanúnach ó chustaiméirí; ar athbhreithniú ar leibhéal an éilimh do sheirbhísí trí Ghaeilge agus ar mholtaí ó bhaill foirne PAS. Tá PAS ag soláthar na ngeallúintí seo ar bhun leanúnach agus ag cur leis an dul chun cinn a rinneadh le linn thréimhse na scéime deiridh. Tá an Scéim ar fáil ag publicjobs.ie.

Coinníonn an Bord Bainistíochta súil ar an Scéim o thaobh éifeacht oibre de. Tá ardbhainistíocht na heagraíochta freagrach as faireachán na Scéime ó lá go lá. De réir mar a athraíonn ról PAS le himeacht ama, déanfar gach iarracht úsáid a bhaint as gach deis a tharlaíonn chun an tseirbhís a sholáthraítear don phobal trí Ghaeilge a leasú. Maidir le 2015 de, chomhlíon PAS gach geallúint a rinneadh faoin scéim.

Treoracha do Cheapacháin i bpoist nach dtagann faoin Acht um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004

Ó am go ham, iarrtar ar PAS próisis earcaíochta agus roghnaithe nach dtagann faoin Acht seo a reáchtáil nó cabhrú lena reáchtáil. I 2015, d'fhorbair PAS Treoracha chun treoir a thabhairt maidir leis na próisis earcaíochta a dhéantar taobh amuigh den Acht. Léiríonn na Treoracha fosta na riachtanais maidir le hiompar na n-iarrthóirí sa phróiseas roghnaithe. Tá na Treoracha bunaithe ar Chód Cleachtais an CCSP rud a chinntíonn go n-úsáidtear slí chaighdeánach agus chothrom maidir le hearcaíocht i ngach comórtas a reáchtálann PAS.

Aguisíní

AGUISÍN I

Achoimre de Ghníomhaíocht Earcaíochta 1 Eanáir – 31 Nollaig 2015				
	Líon Iomlán na n-Iarratas a Fuarthas	Líon faoi Agallamh ag Réamh-agallaimh agus ag Príomh-agallaimh		Líon a hAinmníodh / a Moladh
Státseirbhís				
Cléireachais, Earcaíocht Shealadach san áireamh	14,143	3,636		3,433
Riarachán	24,566	1,371		341
Bainistíocht Shinsearach	418	140		14
Poist Ghairmiúla / Theicniúla / Speisialtachta	4,469	1,274		326
Iomlán	43,596	6,421		4,114
Údaráis Áitiúla	12,846	1,212		76
– An Eanáil Sláinte	451	99		111
Iomlán	13,297	1,311		187
Garda		669		885
Próisis a reáchtáladh do chomhlachtaí poiblí taobh amuigh de chúram an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004				
Comhlachtaí Seirbhíse Poiblí Eile	739	169		40
Iomlán	739	169		40
An Coiste um Cheapacháin Ardleibhéil	Líon Iomlán na n-Iarratas a Fuarthas	Líon a Cuireadh faoi Agallamh	Líon na gComórtas a Comhlíonadh	Líon daoine a moladh
Iomlán	895	299	28	30

Seirbhísí Roghnaithe/Tástála a Soláthraíodh				
	Líon Iomlán na n-Iarratas a Fuarthas	Líon a cuireadh faoi Thástáil		
Altranas do Dhaoine Lánfhásta	1,639	1,368		
Iomlán	1,639	1,368		
Iomlán ar Fad	Líon na n-Iarratas	Líon a Cuireadh faoi Agallamh	Líon a Ceapadh a Moladh	
	60,166	8,869	5,256	
Líon Iomlán na gComórtas a Fógraíodh i 2015				
464				

Boird Stáit		
Líon Iomlán na n-Iarratas a Fuarthas	Líon na n-Ainmneacha a Cuireadh Chuig Cliant le Cur chuig an Aire	Líon na gCeapachán a Rinneadh
3,857	919	206


AGUISÍN II

Iarratais ar Athbhreithniú ar Achomhairc

D'fhoilsigh an Coimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí na treoracha chun déileáil le iarratais ar athbhreithniú ó iarrthóirí agus ar ghearáin ó iarrthóirí maidir le próisis na gceapachán. De ghnáth pléitear le hathbhreithnithe agus gearáin faoi Acht 7 agus 8 de Chód Cleachtais do Cheapacháin i bPoist sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí. Pléann Alt 7 le hiarratais ar athbhreithniú ar chinneadh a rinneadh maidir le hiarratas agus pléann Alt 8 líomhaintí gur briseadh an cód cleachtais. Seo a leanas na staitisticí do 2015 maidir le hAlt 7 agus a 8 araon:

Alt 7	Alt 8
174	43

Léiríonn an chart thíos an briseadh síos de na staidéanna roghnaithe a bhaineann le hiarratais do athbhreithnithe faoi Alt 7.



AGUISÍN III

Léargas ar Úsáid Fuinnimh sa bhliain 2015

Baineann úsáid fuinnimh don chuid is mó le téamh/soilsiú agus uisce a chur ar fáil san oifig in Áras na Caibidle.

I 2015 d'úsáid PAS 878.59 MWh d'fhuinneamh mar leanas:

- 734.6 MWh leictreachais;
- 143.99 MWh de bhreoslaí iontaise;
- 0 de bhreoslaí in-athnuaite.

Gníomhaíochtaí a Rinneadh i 2015

I 2015 rinne PAS bearta éagsúla chun úsáid fuinnimh a fheabhsú, mar a leanas:

- Cuireadh baill foirne ar an eolas faoi fhuinneamh a shábháil trí fhógraí agus trí mheabhráin faoi fhuinneamh a úsáid
- Súil ghéar agus srian a choinneáil ar úsáid fuinnimh lena n-áirítear idirghabhálacha de lámh le rialtán an chórais téimh
- Baineadh amach laghdú de 132.66 MWh ar úsáid leictreachais 2014
- Baineadh amach laghdú de 116.40 MWh ar úsáid bhreoslaí iontaise 2014

Cuireadh PAS san áireamh i gcás staidéir ins an rannóg, Making Progress Annual Report 2015 on Public Sector Energy Efficiency Performance a d'ullmhaigh Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann maidir leis an Targeted Energy Management Programme. De bharr an chláir seo tharla laghdú 53% in úsáid an gháis nádúrtha agus bhí sábháil 39% i gcostas fuinnimh.

Gníomhaíochtaí atá pleanáilte do 2016

Tá sé beartaithe ag PAS sa bhliain 2016 feabhas a chur le húsáid fuinnimh mar a leanas:

- Baill foirne a choinneáil ar an eolas go leanúnach maidir le fuinneamh a shábháil
- Idirghabháil a dhéanamh de lámh ar bhun leanúnach ar rialtán an chórais téimh go dtí go mbeidh córas bainistíochta foirgnimh i bhfeidhm.
- Painéil rialúcháin maidir le téamh áitiúil / aerchóiriú a leasú chun úsáid níos éifeachtaí a bhaint amach

AGUISÍN IV

CAITEACHAS

		2015
		Toradh
		€000
i	Tuarastail, pá agus liúntais	5,218
ii	Taisteal agus cothabháil	86
iii	Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha	281
iv	Seirbhísí poist agus teileachumarsáide	109
v	Trealamh oifige agus seirbhísí TE seachtracha	748
vi	Costais foirgnimh oifige	184
vii	Costais earcaíochta - taighde agus rialáil chorpáraideach	56
viii	Costais earcaíochta - fógraíocht agus tástáil	1,023
ix	Costais earcaíochta - boird agallaimh	1,097
		8,802

